CLÁR BEARTAIS

# Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2026

1 Iúil - 31 Nollaig 2026

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

## Ár dTosaíochtaí

# Ní neart go cur le chéile

Gníomhaíocht agus seachadadh a shaineoidh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026.

Seachadadh ar iomaíochas Eorpach, ar luachanna Eorpacha agus ar shlándáil Eorpach.

Is é an buanphrionsabal "ní neart go cur le chéile" a bheidh mar threoir againn.

Tá an timpeallacht dhomhanda reatha éagobhsaí agus thar a bheith dúshlánach. Tá go leor tosca seachtracha ann nach féidir linn a rialú. Ach i réimsí ríthábhachtacha, tá na hacmhainní ag an Eoraip chun gníomhaíocht dhiongbháilte a dhéanamh:

- **Ar iomaíochas** – rathúnas agus folláine a chothú
- **Ar luachanna** – bunús riachtanach ár nAontais a choinneáil slán
- **Ar shlándáil** – ár saoránaigh a chosaint

Beidh na trí cholún seo mar phríomhthéamaí Uachtaránacht na hÉireann. Tá siad idirnasctha agus ag neartú a chéile. Oibreoimid go dian ar thograí laistigh de gach colún, chomh maith le tosaíochtaí a chuimsíonn na trí cinn, lena n-áirítear ár dtacaíocht leanúnach don Úcráin agus ár rannpháirtíocht dhomhanda. I ré neamhchinnte, oibreoimid freisin chun caidrimh an AE le comharsana agus le comhpháirtithe ar fud an domhain, lena n-áirítear an RA agus SAM, a neartú agus a chobhsú.

Tá bonn daingean airgeadais ag teastáil chun obair an Aontais a dhéanamh. Beidh sé ina thosaíocht uileghabhálach ag Uachtaránacht na hÉireann comhaontú tráthúil a éascú maidir le buiséad an Aontais le haghaidh 2028-2034, an Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua, lena gcuirfear ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn amach anseo, agus tacú ag an am céanna le príomhbheartais atá ann cheana amhail an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Beartas Comhtháthaithe.

# IOMAÍOCHAS

**Chun todhchaí eacnamaíoch slán a sholáthar a chomhlíonann riachtanais agus ionchais a muintire, ní mór don Eoraip gníomhú go práinneach chun a hiomaíochas agus a táirgiúlacht a fheabhsú.**

**Soláthraíonn an Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, arna chomhaontú ag an gComhairle, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa, treoirphlean chun dul chun cinn cinntitheach a bhaint amach in 2026. Pléifimid le cuspóirí an Treochláir mar phríomhthosaíochtaí d'Uachtaránacht na hÉireann.**

I bhfianaise phráinn na hoibre, tá na spriocanna an-uaillmhianach agus dúshlánach. Úsáidfimid na huirlisí go léir atá ar fáil don Uachtaránacht chun comhaontú a éascú ar na comhaid tosaíochta i gcomhréir leis na spriocanna comhaontaithe. Chun rath a bhaint amach, beidh ar na Ballstáit go léir agus ar gach institiúid oibriú le chéile go diongbháilte i spiorad comhair agus comhréitigh, ar mhaithe le gach saoránach agus gnólacht ar fud ár nAontais.

Cúig bhloc tógála straitéiseacha chomhaontaithe a threoróidh ár gcuid oibre:

### 1. Rialacha a shimpliú

Laghdóimid ualaí riaracháin neamhriachtanacha trí thosaíocht a thabhairt do na pacáistí simpliúcháin Omnibus.

Tabharfaimid tús áite do chreat rialála níos cliste agus níos comhtháite. Seo an eochair chun forbairt thapa éifeachtúil a dhéanamh ar bhonneagar ríthábhachtach, fuinneamh glan inacmhainne, tithíocht inacmhainne agus nuáil dhigiteach.

### 2. Margadh Aonair níos comhtháite

Is é an Margadh Aonair bunús gheilleagar agus rathúnas na hEorpa. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun bacainní a dhíchur, dul i ngleic le hualaí rialála, trádáil sa mhargadh inmheánach a threisiú, claochlú digiteach a spreagadh agus Cothrom na Féinne a chinntiú do ghnólachtaí atá ag feidhmiú ar fud an AE.

Déanfaimid níos éasca é do ghnólachtaí gnó a thosú agus a mhéadú go réidh ar fud an Aontais, lena n-áirítear tríd an togra EU Inc.

Tá sé in am céim chinntitheach chun cinn a ghlacadh maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, agus chun cabhrú le coigilteas suntasach na hEorpa a threorú i dtreo infheistíochtaí níos táirgiúla.

### 3. Tacú le Trádáil láidir

I gcroílár ár n-iarrachtaí freisin beidh clár oibre uaillmhianach um beartas trádála, a neartóidh ár gcaidrimh trádála le comhpháirtithe domhanda iontaofa agus a éagsúlóidh ár margaí.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hiarrachtaí an AE chun athléimneacht eacnamaíoch a neartú. Arna dtreorú ag na prionsabail um chosaint-tacú-chomhpháirtiú a thacaíonn lenár slándáil eacnamaíoch, oibreoimid chun athléimneacht ár slabhra soláthair a neartú.

**4. Aistriú fuinnimh**

Tacóimid le gach iarracht chun freagairt don ghéarchéim fuinnimh eisceachtúil atá roimh an Eoraip.

Tabharfaimid tús áite d'obair chun slándáil soláthair na hEorpa a fheabhsú agus chun córais fuinnimh inbhuanaithe, inacmhainne, shlána a fhorbairt.

Cuirfimid Pacáiste Eangacha na hEorpa i gcrích agus cuirfimid chun cinn an Pacáiste Slándála Fuinnimh atá le teacht.

Tacóimid le bearta chun cosaint agus athléimneacht an bhonneagair fuinnimh a chinntiú, agus oibreoimid chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a bhrostú agus chun deireadh a chur le spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise de réir a chéile.

**5. Digiteáil/Intleacht Shaorga (IS)**

Féachfaimid le hacmhainní an AE i néalríomhaireacht agus intleacht shaorga (IS) a neartú, agus seasamh an Aontais maidir le rialachas digiteach freagrach a chur chun cinn.

I ré seo an athraithe teicneolaíochta chlaochlaithigh, tionólfaimid rialtais agus páirtithe leasmhara do Chruinniú Mullaigh IS a dhíreoidh ar dheiseanna digiteacha agus IS a thapú, agus cumhacht a thabhairt dár ndaoine chun rathú i sochaí dhigiteach ag an am céanna.

Cuirfimid obair ar nascacht dhigiteach agus líonraí digiteacha chun cinn, agus díreoimid ar infheistíocht i nascacht teileachumarsáide faoi uisce agus i slándáil agus athléimneacht cáblaí fomhuirí.

Chun an obair seo a chomhlánú, déanfaimid tús áite a thabhairt d'obair earnála chun tacú le feirmeoireacht agus iascaireacht iomaíoch, inbhuanaithe; timpeallacht rialála agus beartais atá níos cairdiúla don nuáil a chruthú; soghluaisteacht oideachais a chur chun cinn trí Erasmus+; agus infheistíocht a chur chun cinn agus athléimneacht a neartú in earnálacha straitéiseacha agus earnálacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear IS, leathsheoltóirí, bith-theicneolaíocht agus teicneolaíochtaí nua.

Is sochaithe táirgiúla agus iomaíocha iad sochaithe sláintiúla. Beidh nuáil sláinte ina rannpháirtí lárnach in iomaíochas agus i gceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa. Cuirfimid reachtaíocht maidir le bith-theicneolaíocht agus feistí leighis chun cinn ar mhaithe le nuáil, athléimneacht agus iomaíochas na hearnála seo a spreagadh.

# LUACHANNA

**Tá ár nAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, mar a léirítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is iad ár luachanna comhroinnte, lena n-áirítear iad siúd atá i gCairt na NA agus i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine an bhuncharraig a fhágann gur áit mhaith í an Eoraip le maireachtáil agus le hobair inti, agus is iad atá mar bhonn lenár n-iomaíochas agus lenár slándáil. Anois níos mó ná riamh, ní mór don AE na luachanna sin a chosaint agus a chaomhnú laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain.**

LLeanann an Úcráin uirthi ag seasamh in aghaidh an ionsaithe bhrúidiúil atá an Rúis a dhéanamh ar a muintir agus ar a críoch. Mar thoradh ar ionsaí leanúnach na Rúise, tá daoine ag fulaingt go mór agus tá damáiste á dhéanamh do bhonneagar, geilleagar, comhshaol agus córais shóisialta na tíre, rud a chuir iallach ar go leor Úcránach teitheadh óna dtithe agus óna dtír féin. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun tacaíocht dhochloíte an Aontais don Úcráin a fheabhsú i bhfianaise chogadh ionsaitheach mídhleathach na Rúise. Beidh tacaíocht pholaitiúil, mhíleata agus airgeadais leanúnach don Úcráin, chomh maith le brú ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí láidre, ina dtosaíocht. Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de bheith ag éileamh go mbeidh síochán chóir mharthanach ann san Úcráin. Ní mór seasamh leis an mbunphrionsabal nach féidir teorainneacha a athrú le teann fornirt.

Oibreoimid chun ról an AE mar ghníomhaí domhanda prionsabálta a neartú. Áirítear leis seo tacaíocht láidir don iltaobhachas agus don ord dlí idirnáisiúnta. Coinneoimid tacaíocht agus rannpháirtíocht leis na NA agus leis an gcóras iltaobhach níos leithne, agus leanfaimid orainn ag cur cearta an duine chun cinn, lena n-áirítear cearta na mban, comhionannas inscne agus cearta daoine LADTIA+, an daonlathas agus an smacht reachta.

Cuirfimid rannpháirtíocht ghníomhach chun cinn d'fhonn tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil bhuan sa Mheánoirthear, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcoimhlint idir Iosraelaigh agus Palaistínigh, agus sinn ag athdhearbhú thiomantas an AE do réiteach an dá stát. Oibreoimid chun deireadh a chur leis an staid dhaonnúil uafásach in Gaza agus an staid atá ag dul in olcas sa Bhruach Thiar. Tacóimid le hiarrachtaí an AE i leith síochán, slándáil agus cobhsaíocht a bheith ann sa Liobáin agus sa tSiria, agus leis na hiarrachtaí i leith na coimhlinte sa Mhurascaill, coimhlint a raibh tionchair shuntasacha réigiúnacha agus dhomhanda aici.

An taithí atá againn ar chothú na síochána ar oileán na hÉireann, is léiriú í ar an tábhacht dhomhain a bhaineann le hidirphlé, comhpháirtíocht agus tacaíocht idirnáisiúnta leanúnach. Léiríonn an rath a bhí ar an bpróiseas síochána i dTuaisceart

Éireann cúinsí uathúla an oileáin seo. Baineadh an rath sin amach trí thiomantas pobal agus institiúidí agus thacaigh an tAontas Eorpach leis. Tá tacaíocht ón AE, lena n-áirítear tríd an gclár PEACEPLUS, fós ina bonn taca le hiarrachtaí chun athmhuintearas a neartú, tuiscint níos fearr a fhorbairt agus todhchaí síochánta comhroinnte a chothú le chéile.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann ardán ar fáil do phlé straitéiseach ar thodhchaí an chomhair um fhorbairt agus ar dhúshlán leanúnach na bochtaineachta, agus aitheantas á thabhairt againn gurb iad an AE agus a Bhallstáit an soláthraí Cúnaimh Oifigiúil Forbraíochta is mó ar domhan anois. Beidh aird an AE ag teastáil ó thionchar géarchéimeanna geopholaitiúla ar chobhsaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear an staid sa Mhurascaill. Go háirithe, beidh fócas práinneach ar an ionchas maidir le slándáil bia san Afraic agus níos faide anonn.

Feicimid an próiseas méadaithe mar phríomhléiriú ar ár luachanna, agus mar infheistíocht i síocháin, slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas ar fud na hEorpa. Creidimid gur féidir lenár gcomh-Eorpaigh i dtíortha is iarrthóirí leas a bhaint as buntáistí shaoránacht an AE, agus neartófar an tAontas ina iomláine leis an gcion polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a thugann Ballstáit nua. Go háirithe, oibreoimid i dtreo chríochnú na gcaibidlíochtaí aontachais le Montainéagró, agus féachfaimid le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gcaibidlíochtaí leis an Albáin, leis an Moldóiv agus leis an Úcráin.

Cuirfimid an smacht reachta chun cinn laistigh den Aontas, ar fud na mBallstát uile, agus i dtíortha is iarrthóirí. I ré ina bhfuil ceist á cur faoinár luachanna daonlathacha, déanfaimid iarracht athléimneacht dhaonlathach an AE a neartú trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh amhail an Sciath Eorpach don Daonlathas agus Straitéis an AE maidir leis an tSochaí Shibhialta. Leagfaimid béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh beartas agus cinnteoireacht an AE bunaithe ar ionchur ónár ndaoine agus ón tsochaí shibhialta.

Tacóidh an Uachtaránacht le hiarrachtaí chun athléimneacht an daonlathais a neartú agus saoránaigh a chosaint ar líne, lena n-áirítear trí chomhar maidir le bréagaisnéis, coiriúlacht ar líne agus sábháilteacht leanaí i dtimpeallachtaí digiteacha. Léirigh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a éifeachtacht phraiticiúil mar uirlis chun an daonlathas agus cearta bunúsacha a chosaint, agus cothromaíocht á baint amach idir saoirsí agus freagrachtaí na n-ardán ar líne agus iompraíochtaí na n-ardán á n-athrú trí oibleagáidí agus grinnscrúdú. Agus sinn ag cur leis an dul chun cinn sin, oibreoimid chun a áirithiú go leanfar den dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach cothrom an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha a spreagadh mar chuid de shraith uirlisí rialála ar líne na hEorpa.

Cuid lárnach de chearta agus luachanna bunúsacha an AE is ea cosaint agus folláine ár leanaí. Tá sé de cheart acu taitneamh a bhaint as óige inar féidir leo bláthú, naisc shláintiúla a fhorbairt le leanaí eile agus iad féin a chur in iúl gan bhac. Tá sé ar cheann de phríomhdhúshláin ár linne a chinntiú gur spás é an domhan ar líne atá sábháilte agus sláintiúil do leanaí. Is príomhthosaíocht de chuid ár nUachtaránachta a bheidh ann sábháilteacht ar líne a neartú, go háirithe sábháilteacht leanaí ar líne.  Áireofar leis sin cinneadh a mholadh ar leibhéal an Aontais maidir leis an lán-aois dhigiteach agus béim a leagan ar a thábhachtaí atá bearta láidre fíoraithe aoise a chosnaíonn an phríobháideacht. San áireamh leis sin freisin, áfach, ní mór éisteacht le tuairimí leanaí maidir lena bhfuil i gceist le domhan sábháilte ar líne. Ina theannta sin, tabharfaimid tús áite don obair ar bhearta reachtacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

Féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann le cur chuige an AE i leith comhionannais, cuimsitheacht shóisialta, neamh-idirdhealaithe agus chosaint chearta na mionlach a neartú i gcomhréir le straitéisí athnuaite Aontas an Chomhionannais. Seasfaimid an fód do rannphairtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas i saol sóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa.

Oibreoimid chun tacú le samhail socheacnamaíoch a leagfaidh béim ar athléimneacht shochaíoch, ar chuimsiú agus ar chomhtháthú, agus tabharfaimid tionscnaimh ar aghaidh maidir le fostaíocht, ag tacú le poist dea-cháilíochta laistigh de mhargaí saothair nua-aimseartha. Féachfaimid le sláinte dhaonra na hEorpa a fheabhsú trí chosc agus trí nuáil sláinte.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar luach intreach chultúr na hEorpa agus ár n-oidhreachta spóirt, agus díreofar ar spóirt thraidisiúnta a chur chun cinn.

# SLÁNDÁIL

**Is dúshláin thromchúiseacha iad cogadh ionsaitheach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, na coimhlintí sa Mheánoirthear agus sa Mhurascaill, agus teacht chun cinn bagairtí nua agus cineálacha nua cogaíochta. Ní mór dúinn oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, a léirigh an gá atá ann don Eoraip infheistiú i ngach gné dár slándáil féin agus ár gcumas cosanta a fhorbairt. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun bearta a chur chun cinn a chuirfidh le slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú.**

Beidh tacaíocht ghníomhach don Úcráin ina tosaíocht shainiúil d'Uachtaránacht na hÉireann. Oibreoimid chun a chinntiú go mbeidh ag an Úcráin an méid atá uaithi chun í féin a chosaint ar ionsaí na Rúise, agus tacóimid leis an Úcráin chun a hacmhainneacht, comhordú leis an AE agus comhoibriú le comhpháirtithe a chur chun cinn.

Cuirfimid obair ar aghaidh ar an Straitéis Slándála Eorpach nua atá beartaithe, a bhfuil sé mar aidhm aici freagairt do na dúshláin gheo-straitéiseacha atá roimh an Aontas Eorpach. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar aghaidh ar na bearta atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Thodhchaí na Cosanta Eorpaí agus i dTreochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta a bhaineann leis sin, agus ar sholáthar cosanta. Tacóimid le comhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais agus athléimneacht a thógáil, lena n-áirítear i bhfianaise bagairtí hibrideacha. Cuirfimid obair ar an rialachán atá beartaithe maidir le soghluaisteacht mhíleata chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála muirí agus ar shlándáil bonneagair chriticiúil. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hobair leanúnach an Aontais maidir le cibearshlándáil a neartú, bagairtí hibrideacha a chomhrac agus frithsceimhlitheoireacht idirnáisiúnta. Cuirfimid dlúthchomhar chun cinn le stáit nach Ballstáit den Aontas iad atá ar aon intinn linn, leis na NA, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus leis Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT).

Cuirfimid béim ar ról lárnach Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an AE, agus a chion tábhachtach le slándáil an AE. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann forbairt agus éabhlóid CBSC chun cinn chun a chinntiú go bhfanfaidh sé freagrúil do ghéarchéimeanna leanúnacha.

Tabharfaimid aghaidh ar shlándáil na hEorpa ina gnéithe uile. Oibreoimid chun slándáil chomhshaoil a fheabhsú mar ghné thábhachtach de chlár oibre Uachtaránacht na hÉireann. Tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíocht aeráide a bhrostú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta chomh maith le ceannaireacht dhomhanda an AE maidir le cúrsaí aeráide agus bithéagsúlachta, lena n-áirítear ag comhdhálacha ábhartha de chuid na NA. Cuirfimid obair ar aghaidh freisin chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus a fhorbairt. Oibreoimid chun slándáil eacnamaíoch a neartú, slándáil sláinte níos fearr a thógáil agus slándáil bia na hEorpa a threisiú.

Laistigh den Aontas, cuirfimid bearta chun cinn chun comhar trasteorann níos mó a éascú sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus chun aghaidh a thabhairt ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil arm tine. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le comhar feabhsaithe chun cur isteach ar shamhlacha maoiniúcháin na coireachta eagraithe, chun athléimneacht agus slándáil chalafoirt agus bhonneagar criticiúil na hEorpa a neartú, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil lena ndírítear ar líonraí coiriúla trasnáisiúnta. Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann freisin ar chur i bhfeidhm iomlán an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. Tabharfaimid tús áite do bheith ag bhogadh i dtreo chur chun feidhme beart agus do reachtaíocht a chur chun cinn d'fhonn filleadh na n-imirceach a éascú agus maidir le digitiú na bhfillteacha.

## An Ghaeilge

Beidh Uachtaránacht 2026 ar an gcéad Uachtaránacht Éireannach ó rinneadh teanga oibre lánfheidhmiúil san Aontas Eorpach den Ghaeilge i mí Eanáir 2022. Léireoidh an Uachtaránacht tiomantas an Aontais don éagsúlacht teanga tríd an nGaeilge a chomhtháthú i ngnó na Comhairle, i gcumarsáid oifigiúil agus in imeachtaí cultúrtha.

# Ábhar


| | |
|---|---|
| COMHAIRLE GNÓTHAÍ GINEARÁLTA | 12 |
| COMHAIRLE GNÓTHAÍ EACHTRACHA | 19 |
| COMHAIRLE GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS | 29 |
| COMHAIRLE CEARTAIS AGUS GNÓTHAÍ BAILE | 34 |
| COMHAIRLE FOSTAÍOCHTA, BEARTAIS SHÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ | 40 |
| COMHAIRLE IOMAÍOCHAIS | 47 |
| COMHAIRLE IOMPAIR, TEILEACHUMARSÁIDE AGUS FUINNIMH | 51 |
| COMHAIRLE TALMHAÍOCHTA AGUS IASCAIGH | 59 |
| COMHAIRLE COMHSHAOIL | 63 |
| COMHAIRLE OIDEACHAIS, ÓIGE, CULTÚIR AGUS SPÓIRT | 68 |

# Comhairle Gnóthaí Ginearálta

**I ndomhan atá ag athrú go mear, ní mór don Aontas Eorpach a bheith láidir, solúbtha, agus in ann freagairt do dheiseanna atá ag teacht chun cinn fara dúshláin. Trí obair na Comhairle Gnóthaí Ginearálta (CCG), cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann cur chuige comhtháite i ngach cuid d'obair fhoirmíochtaí uile na Comhairle agus fócas straitéiseach ar phríomhthosaíochtaí an iomaíochais, na luachanna agus na slándála.**

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann go dian agus go huaillmhianach ionas gur féidir le ceannairí an AE na cinntí is gá a dhéanamh in 2026 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2028 go 2034.

Beidh sé mar thosaíocht i ngach réimse d'obair Uachtaránacht na hÉireann tacú leis na hamlínte agus na spriocanna uaillmhianacha a leagadh amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, arna chomhaontú ag na trí institiúid in Aibreán 2026. Sa CCG, díreofar ar dhul chun cinn pras a dhéanamh ar an gclár oibre simpliúcháin.

Tá Uachtaránacht na hÉireann uaillmhianach i leith chlár oibre um méadú an AE, uirlis ríthábhachtach chun slándáil agus rathúnas na hEorpa a chinntiú. Tá sé mar aidhm againn an tslí a ullmhú don chéad aontachas de Bhallstát nua ó 2013.

Beidh luachanna an Aontais i gcroílár ár gcuid oibre. Cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go gcoimeádfar an smacht reachta ar fud an Aontais agus i dtíortha is iarrthóirí. Cuirfimid béim ar leith ar athléimneacht ár ndaonlathas.

Cuirfimid caidreamh dearfach chun cinn leis an RA, comhpháirtí ríthábhachtach don AE, chomh maith lenár gcomhpháirtithe LEE agus CSTE.

Leanfaidh an Uachtaránacht seo uirthi ag forbairt ullmhacht agus athléimneacht an Aontais i leith an raoin iomlán rioscaí a d'fhéadfadh a bheith romhainn.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann freisin uirthi ag aithint an ghá atá ann comhthéacsanna áitiúla sonracha a thuiscint agus freagairt dóibh agus tacú le forbairt chothrom geilleagair réigiúnacha éagsúlaithe agus athléimneacha trí

bheartas comhtháthaithe, ag cinntiú nach bhfágtar aon réigiún ar gcúl agus go dtugtar aitheantas do riachtanais na réigiún sin a bhfuil dúshláin ar leith rompu.

## An Creat Airgeadais Ilbhliantúil

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht dhian comhaontú a bhaint amach i measc na mBallstáit maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2028 go 2034, ag leagan na mbunús airgeadais do ghníomhartha an Aontais do na deich mbliana atá le teacht.

Oibreoimid i spiorad oscailteachta, diongbháilteachta agus trédhearcachta chun a chinntiú go mbeidh buiséad cothrom, tréan ag an Aontas chun a spriocanna a bhaint amach, rud a sholáthraíonn dár saoránaigh agus dár bpobail, agus slándáil, athléimneacht agus iomaíochas an Aontais á gcinntiú ag an am céanna.

Oibreoimid chun a chinntiú go leanfaidh an CAI ag cur chun cinn agus ag cosaint na luachanna atá cumhdaithe i gConarthaí an AE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE. Go háirithe, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar a chinntiú go léireofar luachanna dínit an duine, na saoirse, na dlúthpháirtíochta agus an chomhionannais inscne go lárnach i ngach gné den CAI, agus go háirithe in ionstraimí nua amhail an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.

Oibreoimid go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus rachaimid i mbun oibre le Parlaimint na hEorpa.

Cuirfimid plé ar an gcreat foriomlán chun cinn ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus oibreoimid trí fhoirmíochtaí ábhartha na Comhairle chun gnéithe earnála a chur chun cinn, lena n-áirítear na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha (NRPPanna), an Ciste Eorpach um Iomaíochas  agus an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, a bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo go léir dár saoránaigh, dár bpobail agus dár dtairbhithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

Is é ár n-aidhm bosca caibidlíochta a bheidh sách forbartha a thabhairt d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí ionas gur féidir le ceannairí an AE na cinntí riachtanacha a dhéanamh in 2026 maidir le maoiniú an Aontais feasta.

## Simpliú

Is gné ríthábhachtach í simpliú rialacha agus rialacháin an AE chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais a chinntiú. Ní mór dúinn an t-ualach rialála a laghdú, go háirithe do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), agus ag an am céanna leanúint de chearta bunúsacha agus sóisialta a chosaint agus a choinneáil suas agus uaillmhian ard a choinneáil i dtéarmaí chosaint an chomhshaoil, cearta sóisialta, sláinte an duine agus caighdeáin eile.

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann go dian chun clár oibre simpliúcháin an AE a chur chun cinn, go háirithe trí na pacáistí omnibus. Beidh sé mar aidhm againn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis na pacáistí digiteacha, comhshaoil, feithicleacha agus sábháilteachta bia agus beatha faoi dheireadh 2026, i gcomhréir leis an ngealltanas a leagadh amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin. Féachfaimid freisin le dul chun cinn luath a dhéanamh ar na pacáistí maidir le cánachas, táirgí fuinnimh agus saoránaigh.

Tabharfaimid tús áite freisin d'iarrachtaí a fhéadfaidh tacú le seachadadh tithíochta inacmhainne agus bonneagair ríthábhachtacha amhail teileachumarsáid, iompar, digiteáil, cúram sláinte, uisce, cosaint, chomh maith le foinsí fuinnimh glana, slána agus inacmhainne.

Tríd an gclár oibre simplithe, beidh sé d'aidhm againn creat rialála níos comhtháite, níos sruthlínithe agus níos simplithe a chruthú ar leibhéal an AE do phróisis cheadaithe, agus prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta á n-urramú go hiomlán. Oibreoimid freisin chun a chinntiú go gcuirfear san áireamh go luath sa phróiseas reachtach na tionchair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht an AE ar chórais dlí na mBallstát.

Baineann simpliú le rialáil níos fearr, ní le dírialáil. Ní mór dúinn cloí le tosaíocht a thabhairt do na príomhphrionsabail rialála níos fearr agus don chomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr agus tosaíocht a thabhairt do rialacháin níos cliste, níos simplí agus níos sruthlínithe agus na pointí gníomhaíochta atá leagtha amach i dTeachtaireacht an Choimisiúin *Leabhar Rialacha AE atá níos Simplí, níos Soiléire agus níos Forfheidhmithe*, lena n-áirítear tríd an gcoincheap "simplíocht trí dhearadh" a leabú inár gcur chuige reachtach agus obair ar acquis an AE maidir le "grinn-athbhreithniú reachtaíochta" a chur ar aghaidh.

## Méadú

Is infheistíocht gheo-straitéiseach i síocháin, i gcobhsaíocht agus i rathúnas mhór-roinn na hEorpa é an méadú. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann go dlúth le gach tír is iarrthóir agus iarrthóirí ionchasacha chun tacú leo ar a mbealach chuig ballraíocht san AE, i gcomhréir leis an bpróiseas bunaithe ar fhiúntas. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite don obair i dtreo chríochnú na gcaibidlíochtaí aontachais le Montainéagró agus cuirfimid dréachtú Chonradh Aontachais Montainéagró chun cinn. Beidh sé mar aidhm againn dul chun cinn tapa a dhéanamh i gcaibidlíochtaí leis an Úcráin agus leis an Moldóiv chomh maith leis an Albáin. Tugaimid dár n-aire freisin an reifreann atá beartaithe san Íoslainn.

Oibreoimid chun buntáistí an mhéadaithe a chur in iúl, do shaoránaigh na dtíortha is iarrthóirí agus laistigh den Aontas araon, ag dul i ngleic le mífhaisnéis agus tionchair sheachtracha mhailíseacha a bhfuil sé mar aidhm acu na Balcáin Thiar agus Comharsanacht an Oirthir a dhíchobhsú.

## Athchóiriú Inmheánach

De réir mar a ullmhaíonn an AE chun fáilte a chur roimh Bhallstáit nua, oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun a chinntiú go mbeidh struchtúir agus próisis an Aontais oiriúnach don chuspóir agus go gcuirfidh siad ar ár gcumas leanúint ag seachadadh go dearfach dár saoránaigh.

## Luachanna, Daonlathas agus an Smacht Reachta

Is iad meas ar dhínit an duine, saoirse, daonlathas, comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, luachanna bunúsacha ár nAontais. Tá meas mór ag ár saoránaigh ar na luachanna seo.

Gníomhóidh Uachtaránacht na hÉireann chun ár luachanna comhroinnte a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an Aontais chomh maith le i measc tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha.

Beidh sé mar thosaíocht athléimneacht ár ndaonlathais Eorpaigh a neartú. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar an bPacáiste Daonlathais Eorpaigh ar aghaidh, lena n-áirítear an Sciath Eorpach don Daonlathas agus an Straitéis maidir leis an tSochaí Shibhialta. Díreoimid go háirithe ar rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus ar rannpháirtíocht shibhialta, agus é mar aidhm acu pobail a bhfuil taithí acu ar eisiamh agus ar dhícheangal daonlathach a bhaint amach. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann bunú agus oibriú an Ionaid Eorpaigh um Athléimneacht Dhaonlathach chun cinn chun cumas comhchoiteann an Aontais a neartú chun bagairtí ar an daonlathas a réamh-mheas, a bhrath agus freagairt dóibh.

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ina habhcóide láidir ar son an smachta reachta, ag treorú idirphlé cuiditheach, measúil ar an smacht reachta sna Ballstáit ar leibhéal cothrománach agus ar leibhéal tír-shonrach araon, chomh maith le breathnú ar na treochtaí ginearálta i dtíortha is iarrthóirí. Déanfaimid iarracht dul chun cinn dearfach a dhéanamh sa nós imeachta leanúnach faoi Airteagal 7.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann ionadaíocht ar an gComhairle i gComhlacht Eitice nua an AE freisin agus cuirfidh sí a cuid oibre chun cinn chun cultúr coiteann eitice, ionracais agus trédhearcachta a chur chun cinn ar fud institiúidí an Aontais.

## Caidreamh leis an RA agus le Comharsana Iarthar na hEorpa nach cuid den AE iad

Is comhpháirtí lárnach don AE í an Ríocht Aontaithe i gcónaí. Beidh Uachtaránacht na hÉireann uaillmhianach maidir le caidreamh dearfach idir an AE agus an RA a chur chun cinn, agus deiseanna nua á lorg aici chun an clár oibre athnuaite comhair a chur chun cinn ar mhaithe le saoránaigh sa RA agus ar fud an Aontais. Cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go leanfar de chomhaontuithe atá ann cheana a chur i bhfeidhm, eadhon an Comhaontú um Tharraingt Siar, lena n-áirítear Creat Windsor do Thuaisceart Éireann, agus an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an AE agus an RA. Tacóimid le críochnú na gcaibidlíochtaí don chéad

Chruinniú Mullaigh Institiúideach eile idir an AE agus an RA agus cuirfimid torthaí an Chruinnithe Mullaigh seo chun cinn.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de chaidreamh láidir agus cuiditheach an Aontais lenár gcomharsana Iarthar na hEorpa ná fuil san AE a shaothrú. Áireofar leis seo tacú le caidreamh dearfach idir an AE agus tíortha an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh (LEE) agus Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), chomh maith le comhaontuithe leis an Eilvéis, Andóra agus San Mairíne a chur chun cinn.

## Ullmhacht agus Athléimneacht

Tá tírdhreach slándála agus geopholaitiúil athraithe os comhair na hEorpa inniu, le bagairtí agus rioscaí níos casta chomh maith le minicíocht mhéadaitheach tubaistí a bhaineann leis an aeráid. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar aghaidh faoin Straitéis um Aontas na hUllmhachta chun athléimneacht agus ullmhacht an AE a neartú agus cur chuige cuimsitheach, uile-ghuaiseach, uile-rialtais agus uile-shochaí a chinntiú, ag cothú cultúr ina n-ullmhófar saoránaigh do ghéarchéimeanna.

Tógfaidh Uachtaránacht na hÉireann ar obair Uachtaránachtaí roimhe seo chun príomhghníomhartha na Straitéise um Aontas na hUllmhachta a chur chun cinn, lena n-áirítear Measúnú Cuimsitheach Riosca agus Bagartha ar fud an AE a sheachadadh, na Ceanglais Ullmhachta Íosta agus dul chun cinn ar thionscnaimh chun athléimneacht feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha a chinntiú.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le seachadadh Chleachtadh Comhtháite Réiteach 26 (IR-26) mar chuid de na Cleachtaí Comhthreomhara agus Comhordaithe (PACE) le ECAT. Ina theannta sin, tionólfaidh Uachtaránacht na hÉireann cruinniú de Stiúrthóirí Athléimneachta an AE chun treoir straitéiseach bhreise a sholáthar do chur i bhfeidhm Straitéis um Aontas na hUllmhachta.

## Cúrsaí Muirí

Ní mór don Aontas a aigéin agus a fharraigí a chosaint ionas gur féidir leo leanúint dá sochair ríthábhachtacha a sholáthar do dhaoine agus don phláinéid. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun aidhmeanna uaillmhianacha an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan a aistriú ina mbearta praiticiúla, agus béim á leagan ar phleanáil spásúil mhuirí a neartú agus ar thacú le seachadadh limistéar muirí faoi chosaint agus athchóiriú an dúlra.

Le dúshláin mhéadaitheacha roimh an AE maidir lena shlándáil mhuirí, tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le cur i bhfeidhm Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Slándála Muirí an AE agus tabharfaidh sí obair ar aghaidh ar an athbhreithniú meántéarmach ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Slándála Muirí an AE a luaithe a fhoilseofar an t-athbhreithniú.

### Drugaí

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann cur i bhfeidhm Straitéis Drugaí athbhreithnithe an AE don tréimhse 2026-2030 ar aghaidh, ag treorú plé ar chur chuige maidir le laghdú éilimh agus dochair. Eagróidh Uachtaránacht na hÉireann idirphlé déthaobhach ar dhrugaí le comhpháirtithe réigiúnacha, chomh maith le hidirphlé bliantúil leis an bhFóram Sochaí Sibhialta ar Dhrugaí. Ina theannta sin, reáchtálfaidh Uachtaránacht na hÉireann imeacht foghlama frithpháirteach do Chomhordaitheoirí Náisiúnta Drugaí maidir le húsáid drugaí agus easpa dídine.

### Rialacháin Foirne

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar aghaidh chun cothromaíocht gheografach foirne in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an AE a chinntiú, lena n-áirítear anailís phraiticiúil, fhianaise-bhunaithe ar bhearta cur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar easpa ionadaíochta roinnt Ballstát.

### Staidreamh

Leanann staitisticí oifigiúla de bheith mar bhonn le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise. Mar fhreagra ar éilimh atá ag teacht chun cinn, beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann teacht ar chomhaontú maidir le staitisticí eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais, agus maidir le staitisticí iascaigh agus dobharshaothraithe Eorpacha.

I gcomhréir leis an gclár oibre simplithe níos leithne, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tús le plé freisin chun staitisticí Eorpacha a shruthlíniú, ag laghdú an ualaigh ar fhreagróirí agus ag leanúint de bheith ag freastal ar riachtanais na saoránach.

## COMHTHÁTHÚ

### Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach

Áiritheoidh Uachtaránacht na hÉireann go leanfaidh beartas comhtháthaithe de bheith dírithe ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shóisialta, eacnamaíocha agus críochacha ionas go mbeidh deis ag gach saoránach páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann réitigh áitiúla agus áitbhunaithe chun cinn chun acmhainneacht áitiúil a thógáil agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní leithdháilte. Déanfaimid cur chun feidhme na réiteach sin a chur chun cinn trí struchtúir rialachais il-leibhéil a éascaíonn rannpháirtíocht ghníomhach ár gcathracha agus ár réigiún, na gcomhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile.

Cuirfidh an Uachtaránacht seo béim ar an ngá atá le straitéisí forbartha réigiúnacha atá oiriúnaithe go sonrach do na réigiúin sin atá ag streachailt faoi láthair lena bhforbairt eacnamaíoch féin. Cumasóidh Uachtaránacht na hÉireann forbairt leanúnach an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh freisin agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na limistéar teorann agus na ndaoine atá buailte ag coimhlint.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le forbairt réigiúnach agus leis na haistrithe glana agus digiteacha trí infheistíochtaí i mbonneagar, fuinneamh, taighde, athghiniúint chomhshaoil agus uirbeach, lena n-áirítear rochtain ar thithíocht inacmhainne, tacaíochtaí do FBManna, tionscail straitéiseacha agus iompar.

Tacaíonn beartas comhtháthaithe le geilleagair réigiúnacha athléimneacha, a bhfuil ról ríthábhachtach acu chun iomaíochas foriomlán an Aontais a chinntiú. Trí infheistíocht a ailíniú le straitéisí forbartha réigiúnacha cothroma a fhéachann le leas a bhaint as deiseanna i dteicneolaíochtaí agus i dtionscal nuálach, is féidir leis an Eoraip úsáid a bhaint as an raon iomlán acmhainní chun tacú le hiomaíocht agus fás ar fud an Aontais agus a chinntiú ná fágtar aon réigiún ar gcúl.

# Comhairle Gnóthaí Eachtracha

**Tá dúshláin gheopholaitiúla atá ag éirí níos casta os comhair an Aontais Eorpaigh. Trí obair na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann, ag obair go dlúth leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, iarracht ról an AE mar ghníomhaí domhanda prionsabálta a neartú. Beidh tiomantas daingean an AE don iltaobhachas, do na Náisiúin Aontaithe agus don ord dlí idirnáisiúnta, chomh maith le cur chun cinn chearta an duine, an daonlathais agus an smacht reachta, lárnach in obair Uachtaránacht na hÉireann.**

Oibreoimid chun leanúint de thacaíocht dhochloíte an Aontais don Úcráin agus í a choinneáil i bhfianaise chogadh ionsaithe na Rúise, trí bhrú a choinneáil ar an Rúis agus a chinntiú go leanfaidh rochtain ag an Úcráin ar an tacaíocht agus an maoiniú atá de dhíth uirthi, lena n-áirítear chun í féin a chosaint. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hiarrachtaí an AE chun cur le síocháin agus slándáil sa Mheánoirthear. Áireofar leis sin tacaíocht do chur chun feidhme réiteach an dá stát agus tacú le gníomhaíocht mar fhreagairt ar na riachtanais dhaonnúla ollmhóra in Gaza agus an staid atá ag dul in olcas sa Bhruach Thiar. Tacú le hiarrachtaí an AE i leith síocháin, slándáil agus cobhsaíocht a bheith ann sa Mhurascaill, áit a bhfuil coimhlint a imríonn tionchar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, agus sa Liobáin, mar aon le tacaíocht a thabhairt don aistriú sa tSiria, beidh na nithe sin ina dtosaíochtaí.

Chun tacú le hEoraip níos athléimní agus níos sláine, cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann cur chuige comhtháite, cuimsitheach agus comhordaithe i leith chlár oibre cosanta agus slándála an Aontais, ag tacú le fócas an AE ar fhorbairt cumais chosanta ríthábhachtacha. Beidh sé ina thosaíocht le linn Uachtaránacht na hÉireann obair a chur chun cinn ar an Straitéis Slándála Eorpach nua atá beartaithe. Cuirfimid forbairt agus éabhlóid Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE chun cinn chun a chinntiú go bhfanfaidh sé freagrúil do ghéarchéimeanna leanúnacha, agus cuirfimid obair ar shoghluaisteacht mhíleata agus ar sholáthar cosanta chun cinn. Beidh iarrachtaí an AE chun cibearshlándáil a neartú, ár n-athléimneacht i leith bagairtí hibrideacha a thógáil, agus oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála muirí ina bhfócas ag Uachtaránacht na hÉireann.

Chun tacú le comhpháirtíochtaí domhanda atá tairbheach don dá thaobh agus dearfach, déanfaimid iarracht caidreamh an AE leis an RA, SAM  agus Ceanada a neartú, agus tabharfaimid tús áite do rannpháirtíocht an AE le comhpháirtithe san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

I bhfianaise na timpeallachta domhanda casta seo a bhíonn ag athrú go tapa, leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de chlár oibre uaillmhianach um beartas trádála a shaothrú lena gcoinneofar an córas iltaobhach trádála ar bun agus lena dtabharfar chun cinn obair riachtanach ar athchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).

Beidh cur chun feidhme an chláir oibre trádála agus infheistíochta AE-SAM ina thosaíocht shoiléir chomh maith le caibidlíocht trádála leanúnach leis an Malaeisia, leis na hOileáin Filipíneacha, leis an Téalainn agus le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Ní i bhfolús a fheidhmíonn an beartas trádála agus déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó mhí na Nollag 2025 maidir leis an tSlándáil Eacnamaíoch a Neartú a thabhairt ar aghaidh freisin.

Ina theannta sin, cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go dtabharfar aird ar leith ar ról an AE mar an gníomhaí forbartha agus daonnúil is mó ar domhan. Cuirfimid ardán ar fáil le haghaidh plé straitéiseach ar thodhchaí an chomhair um fhorbairt, an cúnamh daonnúil, agus dúshlán leanúnach na bochtaineachta. Mar ábhar práinne, díreoidh an tAontas ar thionchair na ngéarchéimeanna geopholaitiúla agus na ndúshlán atá ag teacht chun cinn. Beidh saincheisteanna an bhia, na sláinte agus na hinscne ina ngnéithe lárnacha d'Uachtaránacht na hÉireann agus sinn ag iarraidh díospóireacht straitéiseach a dhíriú.

## CAIDREAMH SEACHTRACH

Tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht slándála san Eoraip de bharr chogadh ionsaitheach na Rúise san Úcráin, agus ní raibh an comhthéacs idirnáisiúnta níos leithne atá romhainn níos dúshlánaí riamh. Tá an t-ord riailbhunaithe ar a bhfuil slándáil agus rathúnas na hEorpa ag brath níos mó faoi dhúshlán.

Ní mór don Aontas Eorpach dul i ngleic leis na dúshláin gheopholaitiúla seo atá ag éirí níos casta agus níos trasghearrthaí, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil sé feistithe chun leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn. Trí obair na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do phríomhchuspóirí agus luachanna straitéiseacha an AE, ag tacú le cur chuige comhtháite ar fud obair fhoirmíochtaí uile na Comhairle agus sinn ag iarraidh iad a chur chun cinn.

Is é freagairt d'ionsaitheacht na Rúise i leith na hÚcráine an phríomhthosaíocht i mbeartas eachtrach don AE. Le linn Uachtaránacht na hÉireann, oibreoimid lenár gcomhpháirtithe san AE chun tacaíocht dhochloíte a choinneáil don Úcráin, lena n-áirítear tacaíocht pholaitiúil,

mhíleata agus airgeadais, agus dul chun cinn i dtreo bhallraíocht na hÚcráine san AE. Leanfaimid orainn ag cur brú ar an Rúis deireadh a chur lena cogadh ionsaitheach mídhleathach agus neamhúdaraithe, lena n-áirítear trí smachtbhannaí láidre i ndlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn.

Tacóimid freisin le rannpháirtíocht leanúnach an AE maidir le tíortha agus saincheisteanna eile i gcomharsanacht an Oirthir agus níos faide anonn, lena n-áirítear leis an Moldóiv, iarrthóir ar bhallraíocht san AE, agus maidir leis an mBealarúis agus Cugas Theas.

Beidh imeachtaí sa Mheánoirthear fós ina bpríomhthosaíocht le linn ár nUachtaránachta. Maidir leis an gcoimhlint idir Iosrael agus an Phalaistín, athdhearbhóimid tiomantas an AE do shíocháin chuimsitheach, chóir agus bhuan sa Mheánoirthear bunaithe ar an réiteach dhá Stát, a ráthaíonn cearta Iosraelach agus Palaistíneach araon chun féinchinntiúcháin agus chun maireachtáil i síocháin agus i sábháilteacht laistigh de theorainneacha slána. Coinneoimid fócas freisin ar na riachtanais dhaonnúla in Gaza agus ar an staid sa Bhruach Thiar, áit a bhfuil gníomhartha aontaobhacha a bhagraíonn inmharthanacht an réitigh dhá Stát ag cruthú tuilleadh éagobhsaíochta.

Beidh forbairtí i réigiún níos leithne an Mheánoirthir ina dtosaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann freisin. Tá an choimhlint sa Mhurascaill tar éis an tslándáil réigiúnach a lagú, ag dul i bhfeidhm go díreach ar stáit na Murascaille agus ar thíortha sa réigiún níos leithne agus ag dul i bhfeidhm ar an ngeilleagar réigiúnach agus domhanda. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hiarrachtaí an AE chun cur le síocháin agus slándáil a bhaint amach sa réigiún, an dlí idirnáisiúnta agus saoirse loingseoireachta a choinneáil i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar imní slándála, agus obair a dhéanamh chun an caidreamh idir an AE agus Comhairle Chomhair na Murascaille (GCC) a neartú, lena n-áirítear tríd an gcruinniú mullaigh AE-GCC i Riyadh i mí Dheireadh Fómhair 2026. Oibreoimid le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun tacú le hathbhunú na síochána agus na slándála sa Liobáin agus oibreoimid chun ceannasacht chríochach agus eacnamaíoch na Liobáine a choinneáil i bhfeidhm. Cinnteoimid freisin go leanfaidh an AE de thacaíocht a thabhairt don aistriú atá ar siúl sa tSiria.

Cinnteoidh an fócas méadaithe ar shlándáil agus ar chosaint mar fhreagairt ar ionsaí na Rúise agus ar dhinimic gheopholaitiúil níos leithne go mbeidh sé seo ina phríomhthosaíocht. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun clár oibre slándála agus cosanta na hEorpa a chur chun cinn. Áireofar ar na tosaíochtaí tacú le cur chun cinn ar chláir oibre cibearshlándála, hibrideacha, muirí, frithsceimhlitheoireachta idirnáisiúnta agus ullmhachta an AE.

Tacóimid le réamh-mheastachán láidreachtaí an AE i gcosc coinbhleachta, réiteach coinbhleachta, bainistíocht géarchéime, agus síocháin a choinneáil. Leagfaidh sé seo béim ar an bhfíric

gur gnéithe riachtanacha de straitéis chuimsitheach slándála iad idirphlé agus idirghabháil, chomh maith le díspreagadh agus cosaint.

Dearbhóidh Uachtaránacht na hÉireann ról ríthábhachtach an AE maidir leis an ord dlí idirnáisiúnta, an daonlathas, an tsíocháin a thógáil agus an t-iltaobhachas éifeachtach a chosaint, ag tacú le sásraí le haghaidh cuntasacht choiriúil idirnáisiúnta agus rialachas feabhsaithe na n-aigéan, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach leis na Náisiúin Aontaithe agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá tacaíocht an AE do na NA ríthábhachtach agus an eagraíocht ag gabháil d'athchóirithe suntasacha i bhfianaise dúshlán agus riachtanais dhomhanda agus institiúideacha móra, chomh maith le hathrú ceannaireachta trí thoghchán Ard-Rúnaí nua de chuid na NA.

De réir mar a bhíonn timpeallacht sheachtrach dheacair os comhair an Aontais fara dúshláin inmheánacha, cinnteoimid go gcoimeádfar croíluachanna an AE i ngach réimse d'obair sheachtrach an AE. Leanfaimid orainn ag cur chun cinn chearta an duine agus an daonlathais, agus gníomhaíocht ar son na haeráide, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le crapadh spáis na sochaí sibhialta, agus oibreoimid chun cur i gcoinne iarrachtaí chun gealltanais idirnáisiúnta agus caighdeáin chearta an duine a chaolú, lena n-áirítear maidir le cearta na mban, comhionannas inscne agus cearta daoine LADTIA+. Áireofar leis seo tacú le caibidlíocht agus críochnú Plean Gníomhaíochta AE nua agus éifeachtach maidir le Cearta an Duine agus Daonlathas.

Beidh sé ina thosaíocht freisin le linn ár nUachtaránachta AE atá rannpháirteach go domhanda a chur chun cinn, trí infheistíocht a dhéanamh i gcaidrimh níos leithne le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Beidh dul chun cinn ar mhéadú an AE, arb é an ráthaíocht deiridh slándála do mhór-roinn na hEorpa é, i gcroílár ár nUachtaránachta.

Oibreoimid chun caidreamh trasatlantach dearfach agus tairbheach don dá thaobh a chur chun cinn. Áireofar leis seo ullmhúcháin do rannpháirtíocht an AE i gCruinniú Mullaigh G20 a bheidh ar siúl i Florida i mí na Nollag 2026.

Cuirfimid béim ar stádas na RA mar chomhpháirtí tábhachtach don AE. Beidh sé ríthábhachtach go n-oibreoidh an AE agus an RA le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda atá againn i bpáirt. Oibreoimid freisin chun caidreamh an AE le Ceanada a chothabháil agus a neartú.

Aithníonn an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an AE agus an tAontas Afracach go bhfuil ár dtodhchaí coiteann i gcomhar níos dlúithe agus i ngníomhaíocht chomhchoiteann chun síocháin, cobhsaíocht agus forbairt a chur chun cinn san Afraic chun leasa fhrithpháirtigh mhuintir na hAfraice agus na hEorpa. Tabharfaimid tús áite don chaidreamh seo, lena n-áirítear iarracht a dhéanamh rannpháirtíocht an AE a neartú agus seasamh comhpháirteach an AE a fhorbairt maidir leis an tSúdáin, le fócas ar iarrachtaí idirghabhála agus rochtain dhaonnúil. Fanfaidh an tSaiheil ina tosaíocht don AE, agus an fócas ar Chur Chuige Athnuaite an AE i leith an réigiúin a thabhairt chun cinn.

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite freisin do rannpháirtíocht an AE le comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Beidh an Fóram Aireachta bliantúil AE-Ind-Chiúin-Aigéanach agus aon chruinniú AE-ASEAN ar leibhéal na nAirí Gnóthaí Eachtracha mar phríomhfhócas.

## SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Tá an Eoraip os comhair staid slándála idirnáisiúnta atá ag dul in olcas. Cogadh ionsaitheach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, teannas geopholaitiúil atá ag méadú agus ionsaithe hibrideacha leanúnacha ar fud na mór-roinne – is timpeallacht bhagartha chasta shíorathraitheach é an méid sin a chruthaíonn dúshláin nua don Aontas Eorpach ina iomláine. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann leis an AE agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an staid seo.

Ar fud na réimsí uile, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann cur chuige comhtháite, cuimsitheach agus comhordaithe chun cinn i leith chlár oibre cosanta agus slándála an Aontais, ag tacú le hEoraip níos athléimní agus níos sláine, agus meas iomlán á léiriú ar bheartais slándála agus cosanta náisiúnta na mBallstát. Teastaíonn comhpháirtíochtaí láidre ón AE maidir le slándáil agus cosaint ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, lena n-áirítear le stáit nach Ballstáit den Aontas iad atá ar aon intinn linn, leis na NA, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus le ECAT.

Is tosaíocht shainiúil don Uachtaránacht dlúthpháirtíocht iomlán leis an Úcráin, agus tacaíocht ghníomhach di. Oibreoimid chun a chinntiú go n-íocfar amach go pras Iasacht Tacaíochta na hÚcráine chun a chinntiú go mbeidh ag an Úcráin an méid atá de dhíth uirthi chun í féin a chosaint ar ionsaí na Rúise. Cuirfimid comhtháthú iomlán na hÚcráine i dtionscnaimh chosanta an AE chun cinn leis an rochtain chéanna atá ag Ballstáit an AE. Tá súil againn go mbeidh comhaontú síochána inbhuanaithe ann san Úcráin agus tacaímid leis an athbhreithniú straitéiseach ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an AE chun tacú leis an Úcráin.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le fócas an AE ar fhorbairt cumais chosanta ríthábhachtacha trí thionscal cosanta Eorpach níos láidre agus níos solúbtha, agus cur chun cinn comhair chuimsitheach agus fhrithpháirteach thairbheach idir an AE agus ECAT. Ag leanúint ar aghaidh ó Pháipéar Bán an AE maidir le Cosaint agus an Treochlár maidir le hUllmhacht Cosanta, beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn a stiúradh chun go mbeimid in ann comhoibriú níos mó a bhaint amach chun ár mbearnaí comhchoiteanna i gcumas ríthábhachtach a dhúnadh agus ár n-athléimneacht i leith bagairtí hibrideacha a thógáil, lena n-áirítear tríd an Tuarascáil Bhliantúil Ullmhachta Cosanta a chuirfear i láthair ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair na Comhairle Eorpaí.

Féachfaimid le comhthuiscint a éascú i measc na mBallstát maidir leis na chéad chéimeanna réadúla, tosaíochta eile, lena n-áirítear maidir le Tionscadail Chosanta Eorpacha Leasa Choitinn, ag cinntiú go seachadann siad do gach Ballstát. Cuirfidh an Uachtaránacht bearta chun cinn freisin a thacaíonn leis an éiceachóras nuála dé-úsáide agus a úsáideann nuáil teicneolaíochta forbartha ag sibhialtaigh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chosanta na mBallstát. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann freisin ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh ar athbhreithniú na Treorach um Sholáthar Cosanta d'fhonn éifeachtúlacht, trédhearcacht agus iomaíochas sholáthar cosanta an AE a neartú, lena n-áirítear chun soláthar comhpháirteach a spreagadh agus a shruthlíniú.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht freisin dul chun cinn a dhéanamh ar an Rialachán atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, a bhfuil sé mar aidhm aige próisis a shruthlíniú ar fud na mBallstát chun gluaiseacht pearsanra agus trealaimh mhíleata ar fud an AE a éascú, agus é mar aidhm comhaontú a thabhairt chun críche leis na comhreachtóirí.

Oibreoimid chun an Straitéis Slándála Eorpach nua atá beartaithe a chur chun cinn, a sheolfar le linn théarma Uachtaránacht na hÉireann.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann le hiarrachtaí an AE freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála muirí, lena n-áirítear bearta chun dul i ngleic le scáthchabhlach na Rúise, agus feasacht ar réimsí muirí a fheabhsú. Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránacht freisin tacú leis an athbhreithniú meántéarmach ar Straitéis Slándála Muirí an AE a bheidh ar siúl sa dara leath de 2026.

Tá ról suntasach imeartha ag misin agus oibríochtaí an AE maidir le dul i ngleic le dúshláin slándála ar fud an domhain agus slándáil agus cosaint na gcomhpháirtithe a neartú. Tá an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF) cruthaithe mar uirlis ríthábhachtach chun cumas an AE slándáil agus cobhsaíocht idirnáisiúnta a neartú is a fheabhsú. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do dhíriú leanúnach an AE ar ullmhacht géarchéime agus bainistíocht géarchéime lasmuigh den Aontas, agus tabharfaidh sí tús áite do ról don AE maidir le cuidiú le húdaráis na Liobáine slándáil a fheabhsú dá saoránaigh trí mhisean féideartha de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta Chomhchoitinn (CSDP) agus tacaíocht tríd an EPF.

Roimh dhul in éag an Chomhshocraithe Shibhialtaigh CSDP reatha in 2027, éascóidh Uachtaránacht na hÉireann raon feidhme agus múnlú cinnteoireachta an AE maidir le treo straitéiseach na hionstraime amach anseo. Leanfaimid orainn ag cur béim ar thábhacht chearta an duine agus inscne a phríomhshruthú, lena n-áirítear trí UNSCR 1325 maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil a chur chun cinn i bpleanáil agus in oibriú gach misin.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le húsáid na Saoráide Eorpaí Síochána mar uirlis a fheabhsóidh cumas an AE chun slándáil agus cobhsaíocht idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht mhíleata a sholáthar don Úcráin.

Agus timpeallacht bhagartha chasta shíorathraitheach os comhair na hUachtaránachta Éireannaí, oibreoidh sí chun freagairtí ar bhagairtí hibrideacha agus cibearshlándála a neartú trí thosaíocht a thabhairt d'obair chun cur chuige cuimsitheach agus comhtháite AE a chinntiú maidir le dúshláin reatha. Oibreoimid chun clár oibre an AE a chur chun cinn maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac trí bhosca uirlisí hibrideacha an AE a chur i bhfeidhm agus oibreoimid chun comhar le comhpháirtithe a neartú, lena n-áirítear iad siúd is mó a mbíonn tionchar ag gníomhaíocht hibrideach orthu. Díreoidh an Uachtaránacht ar fhreagairt an AE ar Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI) agus na bagairtí a bhaineann le bonneagar criticiúil de dheasca gníomhaíocht hibrideach.

Cuirfidh an Uachtaránacht cur i bhfeidhm níos straitéisí Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta agus rannpháirtíocht le comhpháirtithe chun cinn. Féachfaidh sí freisin le dlí idirnáisiúnta agus iompar freagrach stát sa chibearspás a chur chun cinn, chomh maith le tuilleadh rannpháirtíochta i dtionscnaimh chibearshlándála domhanda a iniúchadh.

Coinneoidh an Uachtaránacht fócas ar bhagairtí atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn ó sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus ó antoisceachas foréigneach. Déanfaidh an Uachtaránacht ionadaíocht ar Bhallstáit an AE ag idirphlé frithsceimhlitheoireachta le stáit agus eagraíochtaí seachtracha.

Mar chuid dár dtiomantas chun athléimneacht agus ullmhacht a neartú laistigh den Aontas Eorpach, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do dhul chun cinn agus do chur i bhfeidhm na bpríomhghníomhartha atá mionsonraithe laistigh den Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Áireofar leis seo feabhas a chur ar chumas an Aontais géarchéimeanna a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh trí chur chuige uile-ghuaiseacha, na sochaí uile agus an rialtais uile. Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de bheith ag spreagadh idirphlé ardleibhéil idir na Ballstáit maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Oibreoidh an Uachtaránacht chun tacú le cultúr a chothú ina n-ullmhófar saoránaigh do ghéarchéimeanna ar fud an Aontais.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann roinnt gníomhartha tábhachtacha chun cinn sa dara leath de 2026, lena n-áirítear tacú le hathléimneacht feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha, Measúnú Cuimsitheach Riosca agus Bagairtí a sheachadadh ar fud an AE, na Ceanglais Ullmhachta Íosta agus maoirseacht a dhéanamh ar na Freachnaimh Chomhthreomhara agus Chomhordaithe (PACE) i ndáil le Rúndaingne Comhtháite AE-ECAT, atá le bheith ar siúl i mí na

Samhna 2026. Chun cur leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus chun cur le hobair Uachtaránachtaí roimhe seo, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann an treochlár chun cinn freisin chun comhar trasteorann san AE a neartú i réimse na hullmhachta agus na freagartha géarchéime. Tionólfaidh Uachtaránacht na hÉireann cruinniú de Stiúrthóirí Athléimneachta an AE freisin chun treoir straitéiseach bhreise a sholáthar do chur i bhfeidhm na Straitéise um Aontas na hUllmhachta.

Tacóimid freisin le tosaíocht láithreach an Aontais maidir le trasuí agus cur i bhfeidhm iomlán na Treorach Maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, ag neartú beartas agus seachadtaí teicniúla le linn Uachtaránacht na hÉireann. I measc réimsí suntasacha eile a bhaineann le bonneagar criticiúil, tá Plean Gníomhaíochta an AE maidir le Slándáil Drón agus Frith-Dhrón, Plean Gníomhaíochta an AE maidir le Slándáil Cáblaí, an Omnibus Digiteach, agus an Treoirphlean do Bhonneagar Criticiúil.

## TRÁDÁIL

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann clár oibre um beartas trádála uaillmhianach, oscailte, bunaithe ar rialacha agus luachanna a fhéachann le tosaíochtaí éagsúlúcháin na hEorpa a chur chun cinn agus, i gcomhréir leis na gealltanais sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, a thacaíonn le hiomaíochas, athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa, chomh maith le fás eacnamaíoch agus trádáil chuimsitheach. Sa timpeallacht gheopholaitiúil reatha, oibreoimid leis an gCoimisiún chun caidrimh trádála agus infheistíochta a dhoimhniú trí úsáid a bhaint as comhaontuithe trádála traidisiúnta, ach trí chineálacha nua comhaontuithe earnála freisin amhail comhpháirtíochtaí digiteacha.

I ré ina bhfuil éiginnteacht agus ilroinnt trádála ag méadú, oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun na deiseanna tearcúsáidte le haghaidh méadú ar thrádáil laistigh dár Margadh Aonair a uasmhéadú agus ag an am céanna ár margaí a neartú agus a éagsúlú le comhpháirtithe iontaofa, domhanda. Tabharfar tús áite dár gcaidreamh trádála le comhpháirtithe straitéiseacha san Áise agus sa Mheánoirthear, fara comhpháirtithe san Afraic, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a chur chun cinn leis an Malaeisia, na hOileáin Fhilipíneacha, an Téalainn agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Féachfaidh an Uachtaránacht le caidreamh trádála agus infheistíochta níos uaillmhianaí agus níos tairbhiúla don dá thaobh a thógáil idir an AE agus SAM, i gcomhréir le cur i bhfeidhm leanúnach an Ráitis Chomhpháirtigh idir an AE agus SAM. Tá réimsí ann le haghaidh tuilleadh comhair tuilleadh a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh i leathnú an Ráitis Chomhpháirtigh, lena n-áirítear i ndáil le slabhraí soláthair agus earnálacha agus teicneolaíochtaí ríthábhachtacha.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar dhaingniú agus ar chur i bhfeidhm comhaontuithe a comhaontaíodh le déanaí, lena n-áirítear an Comhaontú

Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir an AE agus Ceanada, a síníodh deich mbliana ó shin, in 2016. Tabharfaidh an Uachtaránacht aird ar leith ar chur i bhfeidhm caibidlí trádála agus forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le trádáil agus inscne. Tabharfaidh an Uachtaránacht tús áite freisin do nósanna imeachta foirmiúla na Comhairle maidir leis na comhaontuithe leis an India agus leis an Indinéis.

Tar éis 14ú Comhdháil Aireachta (MC14) na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) a tugadh chun críche le déanaí, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann comhar chun cinn le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun an córas trádála iltaobhach a choinneáil, ag díriú aird ar chlár oibre athchóirithe an EDT a chur chun cinn.

Tugann an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún maidir le Slándáil Eacnamaíoch a Neartú de mhí na Nollag 2025 soiléireacht agus comhtháthacht níos mó d'obair an AE sa réimse seo. Treoróidh Uachtaránacht na hÉireann caibidlíocht ar chomhaid ábhartha sa Chomhairle, chun a chinntiú go mbeidh na bearta uile comhoiriúnach le trádáil idirnáisiúnta shaor, riailbhunaithe agus le rialacha an EDT, agus go bhféadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar chásanna cruthaithe de chleachtais éagóracha trádála. Is gá cur chuige bunúsach le hiomaíochas agus athléimneacht eacnamaíoch an AE a chinntiú agus fanacht oscailte don trádáil, fara cothrom iomaíochta.

## COMHAR UM FHORBAIRT AGUS CÚNAMH DAONNÚIL

Tá tionchar na coinbhleachta agus na luaineachta polaitiúla agus eacnamaíocha domhanda ag dul i méid - agus is léir é sin i méaduithe géara agus luasghéaraithe ar bhochtaineacht agus ar ocras domhanda, agus leibhéil gan fasach de riachtanas daonnúil. Ní dhéanfaidh na turraingí breise a eascraíonn as an gcoinbhleacht sa Mhurascaill, go háirithe an tionchar ar tháirgeadh bia, ach na treochtaí seo a dhéanamh níos measa.

Sa timpeallacht dhúshlánach seo do chomhar forbraíochta idirnáisiúnta agus cúnamh daonnúil, is iad an AE agus a Bhallstáit na soláthraithe Cúnaimh Oifigiúil Forbraíochta (COF) agus maoinithe aeráide is mó ar domhan. Is í Foireann na hEorpa an deontóir daonnúil domhanda is mó anois freisin.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann ardán ar fáil do phlé straitéiseach ar thodhchaí an chomhair um fhorbairt agus ar dhúshlán leanúnach na bochtaineachta.

Ós rud é gurb é laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur leis an mbochtaineacht príomhchuspóir bheartas forbraíochta an AE, gabhfaidh Uachtaránacht na hÉireann lenár dtiomantas comhroinnte domhanda chun teacht ar na daoine is faide ar gcúl agus díreoidh sí ar réimsí an bhia, an chomhionannais inscne agus na sláinte.

Agus acmhainneacht chlaochlaitheach fáis eacnamaíoch chuimsitheach á haithint aici, mar thionscnóir agus mar chumasóir araon ar fhorbairt inbhuanaithe, agus na tionchair thromchúiseacha a bhaineann le hathrú aeráide agus coimhlint ar na daoine is leochailí, éascóidh an Uachtaránacht plé ar conas infheistíochtaí domhanda a mhéadú a théann chun leasa daoine agus an phláinéid, agus luachanna agus leasanna straitéiseacha fadtéarmacha an Aontais mar bhonn taca leo. Coinneoidh an Uachtaránacht móiminteam ar Straitéis an AE um an Tairseach Dhomhanda (Global Gateway) i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, ag aithint na cumhachta tacú le fás inbhuanaithe atá dírithe ar dhaoine agus tábhacht athléimneachta an tslabhra soláthair chun comhpháirtíochtaí frithpháirteacha a dhoimhniú. Mar chuid de chomhpháirtíochtaí domhanda a thógáil agus a dhoimhniú, aithneoidh an Uachtaránacht rannchuidiú na n-earnálacha agus na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear rialtais, an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí iltaobhacha agus spás na sochaí sibhialta á urramú go hiomlán agus á chur chun cinn.

Tá na saincheisteanna seo lárnach sna caibidlíochtaí leanúnacha ar an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034, a bheidh mar bhonn taca do ghníomhaíocht sheachtrach an AE le linn na deich mbliana atá romhainn.

Tá ról ríthábhachtach ag an AE maidir leis an ord dlí idirnáisiúnta, an daonlathas, an tsíocháin a thógáil agus an t-iltaobhachas a chosaint. Athdhearbhóidh Uachtaránacht na hÉireann ról lárnach an AE i múnlú córas forbraíochta iltaobhach níos éifeachtaí, ag athbheochan dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ag comhlíonadh Chomhaontú Aeráide Pháras, Gníomhaíocht Dhaonnúil Phrionsabálta, agus ag leanúint suas ar Thiomantas Seville maidir le Maoiniú don Fhorbairt, ag aithint idirspleáchas na gclár oibre seo.

Ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go gcoimeádfar fócas ar chúnamh daonnúil prionsabal-bhunaithe agus riachtanais-bhunaithe mar fhreagairt ar na géarchéimeanna is déine, lena n-áirítear iad siúd san Úcráin, sa Phalaistín, sa tSúdáin agus i gCorn Mór na hAfraice, agus sa tSaiheil. Leanfaimid orainn freisin ag freagairt do ghéarchéimeanna ná fuil chomh soiléir agus ná déantar faillí orthu, lena n-áirítear iad siúd ar fud an Mheánoirthir, san Afganastáin, i Maenmar, i Háítí agus i dtíortha ina bhfuil dídeanaithe. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do phlé ar laghdú riachtanais dhaonnúla san fhadtéarma, ag aithint go gcumasaíonn maoiniú solúbtha, intuartha cur chuige arna bhunú ar nasc daonnúil, forbraíochta, síochána. Beidh fócas ar leith ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus ar Thaidhleoireacht Dhaonnúil i bhfianaise srianta ar spás daonnúil. Cuirfidh an Uachtaránacht spás ar fáil freisin do phlé ar thodhchaí an chúnaimh dhaonnúil i bhfianaise luas ollmhór an athraithe i gcórais freagartha géarchéime domhanda.

# Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**I dtimpeallacht dhomhanda eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go mear, tabharfaidh an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) tús áite d'iomaíochas, d'athléimneacht agus d'inbhuanaitheacht fhioscach an Aontais, agus ag an am céanna leanfaidh sí de bheith solúbtha agus í ag freagairt do fhorbairtí eacnamaíocha idirnáisiúnta. Tá sé fós ríthábhachtach gníomhaíocht bheartais chomhordaithe agus éifeachtach a chinntiú chun cobhsaíocht a chosaint agus chun tacú le geilleagar na hEorpa. I bhfianaise na bhforbairtí leanúnacha sa Mheánoirthear agus an tionchair ar mhargaí fuinnimh go háirithe, éascóidh an Uachtaránacht obair agus plé in ECOFIN nuair is iomchuí.**

Ag léiriú an ghealltanais sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, tabharfar tús áite do spriocanna a bhaint amach i dtaobh an Aontais Coigiltis agus Infheistíochtaí agus an Euro Dhigitigh. Díreofar gníomhaíocht sa réimse seo ar mhargaí caipitil na hEorpa a dhoimhniú agus ar iomaíochas earnáil bhaincéireachta na hEorpa a neartú, rud a chabhróidh le hacmhainní a shlógadh le haghaidh fáis agus iomaíochais eacnamaíoch san fhadtéarma. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann comhordú eacnamaíoch chun cinn freisin trí thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, ag tacú le beartais fhioscacha fhónta a chuireann le hinbhuanaitheacht fiachais agus infheistíocht.

## An Úcráin

Is príomhthosaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais leanúnach a sholáthar don Úcráin, lena n-áirítear atógáil fhadtéarmach na hÚcráine i ndiaidh ionradh lánmhéide mídhleathach na Rúise. Tá sé fós ríthábhachtach go leanfaidh ECOFIN de bheith ag machnamh ar iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais an chogaidh. Áireofar leis seo soláthar agus monatóireacht tacaíochta airgeadais Eorpaí agus idirnáisiúnta. Leanfaidh an Uachtaránacht de bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, ina leith seo.

## Iomaíochas

Is é an t-iomaíochas príomhthosaíocht Uachtaránacht na hÉireann do ECOFIN agus tá sé lárnach chun ionchais eacnamaíocha na hEorpa a neartú. I gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha a shainaithin ár n-institiúidí, cinnteoidh an Uachtaránacht go mbeidh an t-iomaíochas leabaithe ar fud obair ECOFIN. Ina leith seo, tabharfar tús áite do thionscnaimh iomaíochais reatha agus nua a chur chun cinn, lena n-áirítear an clár oibre simplithe. Áireofar leis seo an obair ar chuir Uachtaránacht na Danmhairge tús léi chun scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an AE.

## Aontas Coigiltis agus Infheistíochtaí agus an Euro Digiteach

Is príomhthosaíocht de chuid Uachtaránacht na hÉireann é an tAontas Coigiltis agus Infheistíochtaí. Feabhsóidh margadh caipitil AE níos láidre agus níos leachtaí feidhmiú an gheilleagair fhíor trí dheiseanna níos tarraingtí a thairiscint do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí araon agus trí chumas na hEorpa chun nuáil a mhaoiniú agus chun tacú le fiontair, mór agus beag araon, a threisiú. Tá gá le tuilleadh oibre chun bacainní ar chaipiteal a bhaint agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Chuige sin, freagróidh Uachtaránacht na hÉireann don ghealltanas sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin agus beidh sé mar aidhm aici caibidlíocht a thabhairt i gcrích maidir leis an bPacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann freisin i dtreo comhaontú i gcaibidlíocht thrípháirteach maidir leis an gcreat cumasúcháin do Euro Digiteach, ag cur rogha Eorpach chun cinn le haghaidh íocaíochtaí digiteacha a thabharfaidh buntáistí nua do shaoránaigh, a neartóidh an AE mar mhol airgeadais, agus a neartóidh ár n-athléimneacht eacnamaíoch.

Soláthraíonn urrúsú droichead idir iasachtaí bainc agus margaí caipitil. Saorfaidh margadh urrúsúcháin AE athbheoite acmhainn iasachta bainc agus cuirfidh sé deiseanna infheistíochta leis d'infheisteoirí margaidh caipitil. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann caibidlíocht thrípháirteach ar aghaidh le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gCreat Urrúsúcháin d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil.

Éilíonn infheistíocht inár n-iomaíochas earnáil bhaincéireachta láidir, chobhsaí san AE, i bhfianaise an spleáchais throm atá ag gnólachtaí an AE ar mhaoiniú baincéireachta. Éascóidh Uachtaránacht na hÉireann plé ar thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hiomaíochas na hearnála baincéireachta d'fhonn simpliú agus cothrom na Féinne a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach agus ar fud an domhain.

Éilíonn margaí caipitil níos doimhne laistigh den AE rannpháirtíocht níos láidre ó choigilteoirí an AE mar infheisteoirí miondíola agus ó chistí pinsin mar infheisteoirí institiúideacha araon. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann caibidlíocht

ar an bPacáiste Pinsean Forlíontach chun cinn agus beidh sé mar aidhm aici caibidlíocht a thabhairt i gcrích, i gcomhréir leis an Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin.

Tá margaí caipitil ríthábhachtach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí scálaithe a bhfuil rochtain theoranta acu ar iasachtaí baincbhunaithe. Tá Uachtaránacht na hÉireann réidh le tosú ar chaibidlíocht nuair a thabharfaidh an Coimisiún Eorpach togra chun cinn maidir le hathbhreithniú an Rialacháin maidir le Cistí Caipitil Fiontair Eorpacha (EuVECA), chomh maith le togra atá dírithe ar roghanna a fheabhsú do chuideachtaí fáis chun céim an chaipitil fiontair a fhágáil (Bealaí Amach Infheistíochta).

Léiríonn an clár oibre simpliúcháin gur minic gurb é an bealach is fearr chun cinn ná rialacha a dhéanamh níos simplí agus níos spriocdhírithe. Beidh creat rialála airgeadais níos comhréirí agus níos éifeachtaí ina phríomhfhachtóir chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Chun na rialacha maidir le hinfheistíocht san aistriú glas a fheabhsú, beidh Uachtaránacht na hÉireann páirteach i gcaibidlíocht thrípháirteach ar an Rialachán Inbhuanaithe um Nochtadh Airgeadais chun oibriú i dtreo conclúid pholaitiúil.

## Rialachas Eacnamaíoch

I bhfianaise teannas geopholaitiúil leanúnach agus an timpeallacht idirnáisiúnta thar a bheith dinimiciúil agus neamhchinnte, is príomhchuspóir d'Uachtaránacht na hÉireann athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa a neartú. Bainfear é seo amach trí athchóirithe struchtúracha a fheabhsóidh fás a chur i bhfeidhm, agus cur i bhfeidhm láidir an Chreata Rialachais Eacnamaíoch agus airgeadas poiblí inbhuanaithe mar bhonn leis. I ndáil leis seo, leanfaidh an Uachtaránacht de bheith ag éascú comhordú agus rannpháirtíocht na mBallstáit maidir lena mbeartais bhuiséadacha, lena n-áirítear trí phleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a chur i bhfeidhm.

Beidh cur i bhfeidhm éifeachtach an tSeimeastair Eorpaigh ríthábhachtach don phróiseas seo, rud a éilíonn comhordú agus faireachas láidir ar bheartas eacnamaíoch agus fioscach. Cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go leanfar le monatóireacht ar bheartais eacnamaíocha agus buiséadacha, agus ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear trí Phacáiste Fómhair an tSeimeastair Eorpaigh 2027.

Tá sé tábhachtach athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí a chur i gcrích chun fás agus táirgiúlacht eacnamaíoch na hEorpa a fheabhsú. Tá Uachtaránacht na hÉireann feasach ar an ngá atá le Ballstáit cur i bhfeidhm a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chríochnú faoin 31 Lúnasa 2026. Bainisteoidh an Uachtaránacht an próiseas chun a chinntiú go seachadfar clocha míle agus spriocanna atá fós gan chomhlíonadh d'fhonn a chinntiú go nglacfaidh na Ballstáit leis na cistí seo go héifeachtach roimh an spriocdháta ag deireadh na bliana.

## Buiséad Bliantúil an AE

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir le buiséad bliantúil an AE do 2027, chun a chinntiú go mbeidh na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm chun tosaíochtaí beartais an AE do 2027 a chur i gcrích.

## Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034

I gcomhthéacs chaibidlíochtaí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034, leanfaidh ECOFIN, de réir mar is iomchuí, le plé ar athbhreithniú féideartha ar chóras na n-acmhainní dílse. Déanfaidh an Uachtaránacht dul chun cinn breise ar an rialachán lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid.

## Cánachas

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite d’obair ar an gclár oibre simplithe cánach agus déanfaidh sí dul chun cinn suntasach agus beidh sé mar aidhm aici athmhúnlú na Treorach maidir le Comhar Riaracháin (DAC) a thabhairt chun críche. Déanfaidh an t-athmhúnlú naoi n-athdhéanamh den sásra tábhachtach trédhearcachta agus comhair cánach seo a shruthlíniú.

Déanfaidh an Uachtaránacht dul chun cinn freisin ar an Omnibus Simplithe Cánach a bhfuiltear ag súil leis a fhéachfaidh le roinnt treoracha cánach corparáide a shimpliú, lena n-áirítear an dá Threoir Frith-Sheachaint Cánach. Beidh sé mar aidhm ag an Omnibus Simplithe Cánach, mar aon le hathmhúnlú an DAC, castacht de bharr rialacha cánach atá ann cheana a laghdú, agus na hualaí tuairiscithe, riaracháin agus comhlíonta do cháiníocóirí agus do riaracháin chánach na mBallstát a laghdú, rud a chuirfidh le hiarrachtaí chun iomaíochas na hEorpa a fheabhsú.

I gcomhar lena Cathaoirleach, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair an Ghrúpa Cód Iompair (Cánachas Gnó) chun cinn, lena n-áirítear liosta an AE de dhlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach a nuashonrú i mí Dheireadh Fómhair 2026.

Agus iomaíochas na hEorpa á thabhairt faoi deara aici, cinnteoidh an Uachtaránacht go ndéanfar monatóireacht leanúnach ar íoscháin Dhomhanda an ECFE (rialacha Cholún a Dó) agus ar chur i bhfeidhm an réitigh Taobh le Taobh ar leibhéal an AE agus cinnteoidh sí freisin go ndéanfar measúnú tráthúil ar aon tionchair a eascróidh as. Spreagfaidh an Uachtaránacht freisin go gcuirfidh na Ballstáit bearta simpliúcháin bhreise, arna gcomhaontú ag an OECD, i bhfeidhm go pras. Leanfaidh an Uachtaránacht de bheith ag plé le comhpháirtithe domhanda maidir le cúrsaí cánach idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí fhóraim an EDFE agus na NA.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar an síneadh atá beartaithe ar rialachán an tSásra um Choigeartú Teorann Carbóin (CBAM) agus ar an togra le haghaidh Ciste Dícharbónaithe Sealadach  a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le táirgeoirí an AE atá leochaileach do sceitheadh carbóin ina n-iarrachtaí dícharbónaithe. Is dócha go n-áireofar leis an obair seo caibidlíocht thrípháirteach a éascú le Parlaimint na hEorpa.

Is tosaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann é a theacht ar chomhaontú i measc na mBallstát i dtaobh na Treorach maidir le Cáin Tobac. Is é is aidhm don togra nua an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair um dhleacht mháil ar thobac a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le cuspóir Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, trí chánachas ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac a ailíniú ar bhealach níos fearr le cuspóirí sláinte poiblí.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn ar obair lena leasófar Creat CBL an AE, agus tá sí réidh le haon togra ón gCoimisiún a dhéanfar le linn ár nUachtaránachta a thabhairt ar aghaidh.

## Aontas Custaim

Déanfaidh an Uachtaránacht dul chun cinn agus iarracht teacht ar chomhaontú maidir le comhad réamhtheachtaithe drugaí, a bhfuil sé mar aidhm aige infhaighteacht réamhtheachtaithe drugaí le haghaidh táirgeadh drugaí aindleathacha a laghdú, agus trádáil dhlisteanach á éascú ag an am céanna.

## Caidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta

Tá Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh comhar eacnamaíoch idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí idirphlé airí ECOFIN le tíortha CSTE, agus oibreoidh sí chun seasaimh aontaithe AE a fhorbairt ar an rian airgeadais G20.

# Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile

**I ndomhan atá ag athrú i gcónaí agus go mear, ní mór don Aontas Eorpach a bheith láidir, solúbtha, agus in ann freagairt go pras do dheiseanna atá ag teacht chun cinn chomh maith le dúshláin dár sábháilteacht, slándáil, comhtháthú sóisialta, bunchearta agus an smacht reachta.**

Tá cur chuige cuimsitheach Eorpach maidir le tearmann agus imirce riachtanach chun muinín an phobail i mbainistíocht na himirce a choinneáil. Trí obair na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile, leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair chun cur chuige cothrom, daingean, riailbhunaithe a chur chun cinn maidir le himirce, tearmann agus filleadh.

Tá tírdhreach geopholaitiúil agus slándála atá ag athrú os comhair na hEorpa, agus tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do ghníomhartha a chur chun cinn a thacóidh le Ballstáit teorainneacha a dhaingniú, coireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac agus freagairt do bhagairtí nua agus atá ag teacht chun cinn.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn freisin ar obair ar iarrachtaí ríthábhachtacha agus leanúnacha na Comhairle chun meas ar luachanna an AE, bunchearta agus an smacht reachta a choinneáil agus a neartú. Áireofar leis an obair seo díriú leanúnach ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe, ar mhionlaigh a chosaint ar idirdhealú, agus ar chearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht i gcinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar a saol.

## Cur Chuige Cothrom, Daingean, Riailbhunaithe i leith Imirce, Tearmainn agus Fillteacha a Chur Chun Cinn

Beidh cur i bhfeidhm éifeachtach leanúnach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann lárnach chun cur chuige cuimsitheach Eorpach i leith tearmainn agus imirce a chinntiú, agus chun muinín an phobail i mbainistíocht na himirce a choinneáil.

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann leis na Ballstáit eile go léir, le tíortha atá bainteach le Schengen, agus leis an gCoimisiún chun díriú ar fhaireachán ar chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe sna míonna tar éis dó teacht i bhfeidhm, chun tacú lena chur i bhfeidhm iomlán leanúnach, ag iarraidh aon bhearnaí a

aithint go luath, má thagann siad chun cinn. Déanfaidh an Uachtaránacht iarracht freisin dul chun cinn a dhéanamh ar chaibidlíocht maidir leis an Rialachán Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí mar chuid de na caibidlíochtaí maidir leis an CAI, chun a chinntiú go mbeidh maoiniú cuí ag na Ballstáit chun leanúint den Chomhshocrú a chur i bhfeidhm agus a oibriú go héifeachtach.

Ina theannta sin, cuirfimid clabhsúr ar an dara hathdhéanamh den timthriall bliantúil bainistithe imirce, le bunú Linn Dlúthpháirtíochta do 2027 faoin gComhshocrú. Déanfaimid iarracht leanúint leis an obair a rinne Uachtaránachtaí roimhe seo chun córas éifeachtach um fhilleadh a thógáil trí thacú le hobair ar an rialachán a bhaineann le filleadh imirceach agus é ag bogadh i dtreo chur i bhfeidhm, chomh maith le tús áite a thabhairt do phlé luath ar an togra chun fillteacha a dhigitiú a bhfuiltear ag súil leis ón gCoimisiún.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de bheith ag gabháil leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), le Gníomhaireachtaí Eorpacha, le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus le tíortha comhpháirtíochta, agus iad ag déanamh monatóireacht dhlúth ar shreabha imirce isteach san AE agus freagróidh siad go pras má thagann aon dúshláin chun cinn.

Oibreoimid le Ballstáit eile, leis an gCoimisiún, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis na gníomhaireachtaí chun comhoibriú an Aontais le tríú tíortha a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear i ndáil le gné sheachtrach na himirce. Tógfaidh Uachtaránacht na hÉireann ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha an AE, ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn Pleananna Gníomhaíochta atá ann cheana féin agus nua feadh na mbealaí imirce.

Aithníonn Uachtaránacht na hÉireann go hiomlán an tábhacht a bhaineann le Limistéar Schengen mar phríomhghnóthachtáil i gcomhtháthú na hEorpa agus mar rannpháirtí lárnach i bhfás eacnamaíoch laistigh den Aontas. Tógfaidh Uachtaránacht na hÉireann ar obair Uachtaránachtaí roimhe seo agus í ag díriú ar thosaíochtaí thimthriall Chomhairle Schengen 2026-2027 a chur i bhfeidhm, rialachas Schengen a fheabhsú, lena n-áirítear laistigh de Chomhairle Schengen, agus oibreoimid chun na leasuithe teicniúla ar Chód Teorainneacha Schengen a bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh an Coimisiún chun cinn le linn ár nUachtaránachta é, a chur chun cinn. Tabharfaimid tús áite freisin do leanúint suas ar Straitéis Víosaí an AE atá foilsithe, d'iarratas um Thaisteal Digiteach a chur chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm, agus na caibidlíochtaí ar Chomhaontú Creata leis na Stáit Aontaithe maidir le Comhpháirtíocht um Slándáil Teorann Fheabhsaithe a thabhairt chun críche.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le plé leanúnach ar chonairí imirce dlíthiúla atá dírithe ar aghaidh a thabhairt go straitéiseach ar bhearnaí saothair agus scileanna an AE agus oibriú le tíortha comhpháirtíochta ar thionscnaimh cosúil le Comhpháirtíochtaí Tallainne an AE agus Linn Tallainne an AE.

Le chéile, tacóidh an obair seo le hiarrachtaí an Aontais córas tearmainn agus imirce éifeachtúil, éifeachtach agus comhtháite a bheith aige.

Ní mór deireadh a chur le cogadh ionsaitheach na Rúise san Úcráin. Tá Uachtaránacht na hÉireann tiomanta d'oibriú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún maidir le leanúint den Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú agus chun an creat a fhorbairt tuilleadh le haghaidh straitéis imeachta chomhordaithe, chóir agus éifeachtach chun ceadanna sealadacha a thabhairt chun críche bainistithe, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an ábhar seo.

## An Eoraip a Choinneáil Slán Sábháilte

Tá tírdhreach geopholaitiúil agus slándála atá ag athrú os comhair na hEorpa. Tá sraith cuspóirí agus gníomhartha curtha ar fáil do na blianta amach romhainn le foilsiú na Straitéise um an tSlándáil Inmheánach ProtectEU chun Eoraip níos sábháilte agus níos sláine a chinntiú. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do na gníomhartha seo a chur chun cinn.

Mar chuid de neartú chumais slándála an AE, cuirfidh an Coimisiún tograí i láthair chun sainorduithe Frontex agus Europol a athbhreithniú ionas go mbeidh na gníomhaireachtaí feistithe níos fearr chun tacú le Ballstáit teorainneacha a dhaingniú, coireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac agus freagairt do bhagairtí nua agus atá ag teacht chun cinn. Táthar ag súil freisin go ndíreoidh na tograí ar ról na ngníomhaireachtaí maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha níos láidre a thógáil le tríú tíortha agus leis an earnáil phríobháideach, ar anailís sonraí a fheabhsú, agus ar mhaoirseacht agus cuntasacht fheabhsaithe a chinntiú. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do na tograí seo a chur chun cinn.

Trí theacht ar chomhaontú maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí, mar chuid den phacáiste CAI, leagfar an dúshraith do na Ballstáit chun a gcumas chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach agus eagraithe a fheabhsú tuilleadh, tacú le comhoibriú oibríochtúil, agus athléimneacht eintiteas criticiúil i gcoinne ionsaithe naimhdeacha a fheabhsú, agus tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do chomhaontú ar an ábhar seo.

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do chaibidlíocht maidir leis an Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Rialachán um Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála Sláinte laistigh den CAI, agus cuirfidh sí chun cinn í. Tógfaidh an Uachtaránacht ar an obair leanúnach maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Ullmhachta an AE agus díreofar ar athléimneacht na

sochaí a neartú tuilleadh, dul chun cinn a dhéanamh ar an togra atá le teacht chun Córas Cumarsáide Criticiúla Eorpach a sholáthar agus oibriú i gcomhar le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun ullmhacht géarchéime a fheabhsú.

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag iarrachtaí an AE chun ár sochaithe a chosaint ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe. Ach ní féidir linn seasamh go socair - tá coirpigh eagraithe ag éirí níos sofaisticiúla, agus tá sé ríthábhachtach go n-oibreoimid le chéile chun oiriúnú níos tapúla.

Cuireann treochlár an Choimisiúin maidir le Rochtain ar Shonraí bunús láidir ar fáil do réitigh chun rochtain dhleathach fheabhsaithe ar shonraí a sholáthar le haghaidh forfheidhmiú éifeachtach an dlí, chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, agus chun cearta na n-íospartach a chosaint, agus cibearshlándáil á cosaint agus bunchearta á n-urramú ag an am céanna. Tugann Uachtaránacht na hÉireann tús áite don obair ríthábhachtach seo a chur chun cinn.

Táthar ag súil freisin go dtabharfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach chun cinn chun imscrúdú agus ionchúiseamh trasteorann coireanna tromchúiseacha a fheabhsú agus a neartú, agus Treoir nua maidir le Coireacht Eagraithe a thabhairt isteach, a thiocfaidh in ionad an Creatchinnidh atá ann cheana. Cuirfidh an Coimisiún athbhreithniú ar shainordú Eurojust i láthair freisin a dhéanfaidh, i measc cuspóirí eile, iarracht feabhas a chur ar chumas na gníomhaireachta tacú le húdaráis inniúla náisiúnta ar bhealach níos réamhghníomhaí agus comhar idirnáisiúnta a neartú. Leis na bearta seo, mar aon leis an togra a cuireadh i láthair le déanaí chun dul i ngleic le Gáinneáil Arm Tine, beidh comhar trasteorann níos doimhne sa chomhrac i gcoinne coireachta tromchúisí agus eagraithe agus cinnteoidh siad comhsheasmhacht ar fud na mBallstát maidir le príomhchionta agus conas a dhéanfar na cionta seo a ionchúiseamh agus a phionósú. Mar aitheantas ar an mbagairt a bhaineann le coireacht eagraithe, i ngach foirm, do shábháilteacht agus slándáil phobail ar fud na hEorpa, tabharfar tús áite do na tograí seo.

Tá Straitéis Drugaí nua agus  treochlár curtha ar fáil ag an gCoimisiún i mí na Nollag 2025 le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil agus úsáid drugaí aindleathacha, agus tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite don obair seo a chur chun cinn. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann críoch freisin leis an 11ú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha a dhíríonn ar an ngáinneáil aindleathach trasteorann drugaí a chomhrac laistigh den Aontas Eorpach, agus cuirfidh sí pleananna chun cinn chun tús a chur leis an 12ú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha.

Beidh cruinniú Airí de Chomhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach Chomhghuaillíocht Chalafoirt na hEorpa mar chuid den iarracht chun dul i ngleic le gáinneáil drugaí agus coireacht eagraithe, agus chun an treochlár atá leagtha amach i Straitéis Chalafoirt an AE a chomhlíonadh.

Ní mór samhail ghnó na smuigleála imirceach a bhriseadh - is riachtanas daonnúil agus slándála araon é seo. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite don Treoir maidir le Smuigleáil Imirceach chun tacú níos fearr le forfheidhmiú an dlí chun na grúpaí coireachta eagraithe atá freagrach a bhriseadh suas.

## Cosaint Bunchearta agus an Smacht Reachta agus Cur Chun Cinn an Digitithe

Ba cheart ár sochaithe a thomhas de réir mar a chosnaímid na daoine is leochailí. Le blianta beaga anuas, chonaiceamar iomadú ábhar mí-úsáide gnéis leanaí ag bá an sféir dhigitigh, agus tá Uachtaránacht na hÉireann réidh chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar an Treoir agus an Rialachán maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí.

Is sealbhóirí lánfheidhmiúla cearta iad leanaí agus is príomhchuspóir de chuid an AE cosaint agus cur chun cinn chearta an linbh. Mar aitheantas air seo, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair chun cinn a thacóidh le rannpháirtíocht leanaí nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh a théann i bhfeidhm ar a saol, lena n-áirítear i gcórais cheartais. Oibreoimid freisin chun an Rialachán atá beartaithe maidir le hAitheantas Tuismitheoireachta a chur chun cinn, agus chun glacadh foirmiúil an Rialacháin a bhaineann le cosaint daoine fásta a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun cinntí tábhachtacha a dhéanamh a thabhairt chun críche.

Coinneoimid aird freisin ar phlá an fhoréigin teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe atá chomh fréamhaithe ar fud ár sochaithe.

Bunaíodh an AE ar na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus tá sé tiomanta do chosaint chearta an duine mar atá leagtha amach i gCairt na gCeart Bunúsach. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair chun cinn ar iarrachtaí ríthábhachtacha agus leanúnacha na Comhairle chun meas ar luachanna agus bunchearta an AE a choinneáil agus a neartú.

Faoi Uachtaránacht na hÉireann, cuirfear bunchearta grúpaí ciniúlaithe, agus iad siúd atá mionlaithe agus a ndéantar idirdhealú ina gcoinne bunaithe ar a gcreideamh reiligiúnach nó ar bhallraíocht i ngrúpa eitneach, chun cinn, lena n-áirítear trí ghlacadh le Conclúidí na Comhairle maidir le frithchiníochas agus luachanna Eorpacha a choinneáil slán. Oibreoidh an Uachtaránacht go réamhghníomhach chun Straitéis Frithchiníochais nua an AE 2026-2030 a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh sí a prionsabail threoracha i bhfeidhm chun dul i ngleic le ciníochas i ngach foirm, lena n-áirítear frith-Ghiúdachas, fuath frith-Mhoslamach, ciníochas a théann i bhfeidhm ar mhuintir agus pobail na

dTaistealaithe agus na Romach, agus ciníochas a théann i bhfeidhm ar dhaoine de shliocht na hAfraice.

Ag léiriú an fhócais ar shimpliú agus ar iomaíochas ar fud fhoirmíochtaí uile na Comhairle, tacóidh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile le hiarrachtaí leanúnacha maidir le simpliú digiteach, ag tacú le suíomh straitéiseach an AE mar an suíomh is fearr le haghaidh nuála digití iontaofa, agus ag an am céanna ag cosaint agus ag coinneáil suas bunchearta lena n-áirítear príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht teacht ar chomhaontú ag an gComhairle maidir leis na leasuithe atá le teacht ar Rialachán Cosanta Sonraí an AE d'institiúidí agus do chomhlachtaí an AE.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar mheasúnú na Straitéise um Cheartas Leictreonach chun cinn i lár a saolré chun a chinntiú go mbeidh sí ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ag coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta. Beidh cur i bhfeidhm éifeachtach an Phacáiste um Cheartas Digiteach mar fhócas ag Uachtaránacht na hÉireann; áirítear leis seo an Straitéis um Cheartas Digiteach@2030, agus an Straitéis Oiliúna Breithiúnach Eorpach (2025-2030) a bhfuil sé mar aidhm aici úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear intleacht shaorga, a bhrostú chun córais cheartais a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos athléimní chomh maith le cumas digiteach gairmithe ceartais a thógáil. Cuideoidh dul chun cinn caibidlíochta ar an gClár um Cheartas mar chuid den CAI le cur i bhfeidhm éifeachtach na straitéisí seo a chinntiú.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann freisin leis an obair ar aontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD).

# Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí

**Treoróidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) ár n-iarrachtaí comhchoiteanna chun cáilíocht beatha agus caighdeán maireachtála ár saoránach a neartú, chun cuimsiú sóisialta agus cearta comhionanna a chur chun cinn, agus chun iomaíochas agus fás cothrom a mhéadú. Agus é sin á dhéanamh againn, tacóimid le samhail shocheacnamaíoch a leagfaidh  béim ar chomhionannas, athléimneacht shochaíoch agus comhtháthú.**

Ag ESPCO, seasfaidh Uachtaránacht na hÉireann go daingean lenár gcreideamh gur buntáiste soiléir eacnamaíoch agus sóisialta iad ár luachanna Eorpacha, a chinntíonn cearta, caoinfhulaingt, dlúthpháirtíocht agus neamh-idirdhealú. Léireoidh ár gclár uachtaránachta nach idéalacha teibí amháin iad na luachanna seo ach prionsabail phraiticiúla, lena n-áirítear an smacht reachta, a chuireann taca faoi chothroime, muinín agus cobhsaíocht an chórais.

Is féidir le hEoraip chomhionann athchóiriú eacnamaíoch, fás agus iomaíochas a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann clár oibre chun cinn chun tacú le samhail shóisialta agus eacnamaíoch Eorpach a bhainfidh leas as buanna dhaonra éagsúil na hEorpa agus a chinnteoidh go bhfuil an t-athchóiriú eacnamaíoch cothrom agus cuimsitheach araon. Oibreoidh an Uachtaránacht chun na hathchóirithe comhionannais a chur i gcrích  atá dírithe ar chearta a chosaint agus na daoine is leochailí a chosaint ó idirdhealú.

Beidh an Uachtaránacht i gceannas ar an bplé maidir le conas a chruthaímid agus a thacaímid le poist dea-cháilíochta laistigh de mhargaí saothair nua-aimseartha agus conas a chinnteoimid go mbeidh oibrithe agus fostóirí feistithe chun rathú laistigh dár Margadh Aonair agus lasmuigh de.

Is léiriú lárnach ar luachanna ár nAontais rochtain chothrom ar chúram sláinte ardchaighdeáin a chinntiú. Tógfaidh Uachtaránacht na hÉireann ar fhorbairtí móra sna heolaíochtaí beatha agus sa tsláinte dhigiteach chun a aibhsiú gur féidir le córais sláinte láidre agus chuimsitheacha tacú le nuáil agus iomaíochas chomh maith le hathléimneacht pobail agus sláinte ar fud an Aontais.

Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn ag cur na Straitéise um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa i bhfeidhm trí Ghníomh Bith-theicneolaíochta an AE a chur chun cinn, tacú le creatlaí atá fabhrach don nuáil le haghaidh cógas, teicneolaíochtaí leighis agus sláinte dhigiteach, agus athbhreithnithe ar Rialacháin Feistí Leighis an AE a chur chun cinn.

Téann infheistíocht shóisialta i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh agus tacaíonn sí le sochaí níos cothroime agus níos cuimsithí go sóisialta, agus an comhtháthú sóisialta a ghineann sé seo ag íoc díbhinní, rud a chabhraíonn ní hamháin leis an ngeilleagar a chothabháil ach lena fhás agus a fhorbairt a chothú. Soláthraíonn samhail shóisialta na hEorpa bunús láidir chun nuáil a bhrostú trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, rud a fhágann go mbeidh lucht saothair oilte agus solúbtha ann. Trí thógáil ar láidreachtaí an AE agus luachanna Eorpacha a choinneáil i bhfeidhm le linn Uachtaránacht na hÉireann, cabhróimid chun an AE a dhéanamh níos fearr don todhchaí mar áit mhaith le maireachtáil agus le hobair ann.

# FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

## Fostaíocht

Tá an t-ord idirnáisiúnta a mhúnlaíonn an geilleagar domhanda ag éirí níos éagobhsaí, agus mar sin tá sé ríthábhachtach go gcinnteoimid go bhfuil ár margaí saothair in ann freagairt don tírdhreach athraitheach seo. Agus é sin á dhéanamh againn, is é an dúshlán atá romhainn a chinntiú go mbeidh luachanna comhroinnte amhail obair chuibhiúil, an chóir chomhionann, cuimsiú sóisialta agus an smacht reachta i dtús cadhnaíochta i gclár oibre fostaíochta an AE.

Ag aithint go gcaithfidh ár samhail eacnamaíoch agus shóisialta coinneáil suas chun a chinntiú go bhfanfaidh an Eoraip iomaíoch, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann aghaidh ar an gcaoi a bhfanfaidh an Eoraip ina háit tharraingteach le bheith ag obair agus ag maireachtáil inti, conas a chinnteoimid go mbeidh rochtain leordhóthanach againn ar shaothar oilte, agus conas a choinneoimid Cothrom na Féinne a chiallaíonn go soláthróidh cearta cosaintí fíora.

Féachfaidh an Uachtaránacht le béim a leagan ar phríomhthionscnaimh Eorpacha maidir le fostaíocht, lena n-áirítear an Treochlár agus an Gníomh um Poist Dea-cháilíochta, agus an Pacáiste maidir le Soghluaiseacht Chothrom an Lucht Saothair atá le teacht. Tá na tionscnaimh seo i gcroílár chlár oibre fostaíochta na hEorpa agus tabharfaidh siad aghaidh ar ilghnéithe de phoist dea-cháilíochta, amhail

dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta, scileanna agus comhionannas, idirphlé sóisialta agus comhargaíocht.

## Poist Dea-cháilíochta

Iarrann an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta tiomantas athnuaite chun poist dea-cháilíochta a chothú i ngeilleagar iomaíoch. Leagtar amach sa Treochlár réimse tionscnamh chun beartas fostaíochta a ailíniú le riachtanais geilleagair atá ag athrú go tapa, agus na príomhbhloic thógála dírithe ar na réimsí téamacha ina bhfuil an gá is mó le gníomhaíocht chomhordaithe AE, lena n-áirítear poist dea-cháilíochta a chruthú agus a chothabháil san AE; nuáil dhigiteach a threisiú agus poist dea-cháilíochta a chur chun cinn; a chinntiú go mbeidh dálaí oibre cothroma, sábháilte agus comhionanna mar bhonn le lucht saothair athléimneach; idirphlé sóisialta a chur chun cinn; agus forfheidhmiú éifeachtach a chothabháil.

Beidh an Gníomh um Poist Dea-cháilíochta ag gabháil leis an Treochlár, togra reachtach atá le teacht chun cearta oibrithe a chur chun cinn agus coinneáil suas le hathruithe teicneolaíochta, eacnamaíocha agus sochaíocha. Féachfaidh an togra le rialacha AE a chosnaíonn oibrithe a nuashonrú agus tacú le táirgiúlacht agus iomaíochas ag an am céanna. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tacú le poist dea-cháilíochta agus iad a chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh.

## Pacáiste maidir le Soghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair

Beidh sé mar aidhm ag an bPacáiste maidir le Soghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair a bhfuiltear ag súil lena fhoilsiú le linn Uachtaránacht na hÉireann agus atá aitheanta mar thosaíocht sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, margadh saothair AE níos éifeachtaí a chur chun cinn trí shoghluaisteacht fheabhsaithe oibrithe agus trí chearta oibrithe níos fearr agus Cothrom na Féinne a chur chun cinn ar fud na mBallstát. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht dul i ngleic leis an gclár oibre um shoghluaisteacht chothrom an lucht saothair ag díriú ar an togra chun Pas Eorpach Slándála Sóisialta digiteach (ESSPASS) a fhorbairt agus sainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) a neartú.

Trí fhorbairt thionscnamh an Phas Eorpaigh Slándála Sóisialta dhigitigh (ESSPASS) a chur chun cinn, beidh sé níos éasca do dhaoine a gcearta slándála sóisialta a fheidhmiú nuair a bhíonn siad i mBallstát eile.

Gné thábhachtach eile den phacáiste seo is ea ról an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) maidir le tacú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach dálaí oibre córa. Tharlódh go ndéanfaí machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tionscnamh seo an líontán sábháilteachta foriomlán a fheabhsú ar fud an AE, cearta oibrithe a chosaint agus tacú le dea-chleachtais fostaíochta.

## Sábháilteacht Ceirde agus Sláinte

Tá sláinte agus sábháilteacht ag an obair ar cheann de na réimsí ina raibh fíorthionchar

ag an AE, ach in ainneoin an dul chun cinn seo, tarlaíonn tionóiscí agus galair a bhaineann leis an obair rómhinic fós agus bíonn tionchar tubaisteach acu ar oibrithe, ar fhiontair agus ar gheilleagair.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de bheith ag cur lenár n-iarrachtaí comhchoiteanna chun feabhas a chur ar ár gcur chuige maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde, agus an fhís chun ionaid oibre na hEorpa a dhéanamh níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla mar bhonn leis sin. Díreoidh an Uachtaránacht ar phlé a éascú maidir le conas a chosnaítear gach oibrí ó dhíobháil agus drochshláinte a bhaineann leis an obair trí bhonn eolais a chur faoi chinntí beartais, feasacht a mhúscailt agus gníomhaithe tábhachtacha a fhostú.

## Cur i bhFeidhm agus Forfheidhmiú

Maidir le hiomaíochas na hEorpa a thógáil chun rathúnas agus athléimneacht a threisiú agus deiseanna nua, nuáil agus fás a scaoileadh ar fud an AE, áirítear leis an méid sin tiomantas láidir do chur i bhfeidhm, maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach reachtaíocht an AE. Tá bearta simpliúcháin molta ag an gCoimisiún Eorpach a bhfuil sé mar aidhm acu an t-ualach rialála a laghdú; agus ba cheart go mbeadh torthaí níos fearr mar thoradh ar chomhoibriú ar bhearta cur chun feidhme feabhsaithe.

Tá corpas cuimsitheach dlíthe agus beartas ag an AE a rialaíonn obair, cearta sóisialta agus margaí saothair. Tá sé ríthábhachtach go neartóidh  na hiarrachtaí i leith an iomaíochais athléimneacht shocheacnamaíoch agus go mbeidh Cothrom na Féinne do ghnólachtaí mar bhonn leis, rud a ardaíonn caighdeáin do shaoránaigh ar fud an Aontais.

Is minic ná bíonn an t-éileamh ar reachtaíocht nua mar gheall ar bhearna reachtaíochta ach toisc ná déantar rialacha agus rialacháin atá ann cheana a léirmhíniú agus a fhorfheidhmiú go hiomlán. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht plé a chur chun cinn maidir le conas a chinntiú go dtacóidh cláir oibre cur chun feidhme agus forfheidhmithe an AE le cosaintí fíora do na cearta atá cumhdaithe faoi dhlí an AE.

## Straitéis Eorpach Frithbhochtaineachta

Tá sé mar aidhm ag foilsiú Straitéis Frithbhochtaineachta an AE ag an gCoimisiún, an chéad cheann dá leithéid ar leibhéal an AE, cur chuige cuimsitheach a leagan amach chun bochtaineacht a chosc agus cosaint ina haghaidh, agus é mar aidhm bochtaineacht a dhíothú laistigh den AE faoi 2050. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hobair a chomhlíonfaidh ár ngealltanais líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta a laghdú agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú ar fud an AE. Is dóichí go mbeidh tionchar ag eisiamh sóisialta ar dhaoine dífhostaithe, ar theaghlaigh aontuismitheora, ar phobail imirceacha agus mionlaigh eitneacha, agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Is tosaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann an comhad seo a chur chun cinn agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a threisiú.

## Soláthar do Leanaí tríd an Ráthaíocht Leanaí

Tá buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta fadtéarmacha ag baint le hinfheistíocht shóisialta agus le gníomhartha a dhíríonn ar bhochtaineacht leanaí. Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le neartú na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí agus oibreoidh sí chun coinníollacha agus torthaí a fheabhsú do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, le fócas ar leith ar thacaí tuismitheoireachta.

## Daoine faoi Mhíchumas

Agus sinn ag comóradh 20 bliain ó glacadh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, beidh sé mar thosaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann cearta daoine faoi mhíchumas a bhaint amach. Beidh ár bhfócas ar rannpháirtíocht iomlán sa saol sóisialta agus eacnamaíoch do na 100 milliún duine, nach mór, atá faoi mhíchumas san AE.

Tá sé ríthábhachtach bacainní ar fhostaíocht inbhuanaithe a bhaint chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a d'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas a fhulaingt. Beidh fócas amháin ag Uachtaránacht na hÉireann ar dhul i ngleic leis an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, na luamháin beartais sin a aithint ar féidir leo scileanna agus buanna daoine faoi mhíchumas a úsáid go rathúil san ionad oibre agus ar an gcaoi sin cur le geilleagar níos cuimsithí agus níos iomaíche san AE.

Tacóidh an Uachtaránacht leis an gCoimisiún chun an Straitéis Eorpach maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas atá neartaithe le déanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear díriú ar theicneolaíochtaí digiteacha agus cúnta a chur chun cinn mar phríomhchumasóir cuimsithe, saoirse agus rogha, agus chun ár ngealltanais maidir le cuimsiú feabhsaithe daoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh suas go dtí 2030.

## Eisiamh Tithíochta agus Easpa Dídine

Tar éis fhoilsiú Straitéis Frithbhochtaineachta an AE, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann chun cinn togra an Choimisiúin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le heisiamh tithíochta a chomhrac, arb é an sainmhíniú atá air neamhábaltacht daoine aonair rochtain a fháil ar thithíocht mhaith, chobhsaí nó í a choinneáil ar fud an AE. Díríonn an moladh go háirithe ar na daoine is mó a mbíonn tionchar ag easpa dídine orthu, eadhon daoine leochaileacha i gcásanna tithíochta neamhbhuana, agus féachann sé le tacú le bearta a chuirfidh cosc ar easpa dídine agus a thabharfaidh aghaidh uirthi.

## Aontas Comhionannais a Chur i bhFeidhm

Féachfaidh an Uachtaránacht le luachanna an Aontais a choinneáil agus a chur chun cinn trí oibriú chun creat dlíthiúil comhionannais an AE a chomhlánú agus comhaontú na Comhairle a lorg chun an treoir a ghlacadh maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm.

Tá gníomhaíocht an AE chun comhionannas, comhionannas inscne, cearta agus neamh-idirdhealú a neartú ríthábhachtach chun Eoraip chóir, iomaíoch agus rathúil a bhaint amach do chách. Beidh tiomantas do mhúnla sóisialta agus eacnamaíoch an AE mar bhonn agus taca ag ár gcur chuige, agus cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair chun cinn chun a léiriú conas is féidir le hEoraip chomhionann athchóiriú eacnamaíoch, fás agus iomaíochas a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí.

Tabharfaidh an Uachtaránacht tacaíocht do chearta daoine aonair LADTIA+ agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach trí mhalartú eolais ar chearta comhionanna agus timpeallachtaí sábháilte, agus tacóidh sí freisin le cur i bhfeidhm na Straitéise um Chomhionannas LADTIA+ an AE 2026–2030 agus Creat Straitéiseach an AE maidir leis na Romaigh (2020–2030).

### Comhionannas Inscne

Ag cur leis an tacaíocht d'aon toil ó na Ballstáit do Threochlár an AE um Chearta na mBan, oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann leis an gCoimisiún chun cur i bhfeidhm na Straitéise AE nua um Chomhionannas Inscne 2026–2030 a chur chun cinn. Díreoimid ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ngeilleagar cúraim, tionchar athruithe teicneolaíochta ar mhargaí saothair an AE, agus cinnteoireacht.

Is uirlis ríthábhachtach iad sonraí comhionannais éifeachtacha chun beartais atá bunaithe ar fhianaise a chinntiú agus chun ár dtuiscint ar idirdhealú trasnach a fhorbairt. Féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann le feabhas a chur ar bhailiú, ar anailís agus ar úsáid sonraí comhionannais, agus oibreoidh sí chun tacú le Moladh an Choimisiúin maidir le Sonraí Comhionannais a fhorbairt.

## SLÁINTE

Tá iomaíochas, slándáil agus inbhuanaitheacht na hEorpa ceangailte go dlúth le sláinte ár ndaoine, le neart ár mbonn eolaíochtaí beatha agus le hathléimneacht ár gcóras sláinte. De réir mar a thugaimid aghaidh ar athruithe déimeagrafacha, éiginnteacht gheopholaitiúil agus athrú teicneolaíoch tapa, tá córais sláinte láidre agus éiceachóras eolaíochtaí beatha dinimiciúil anois ina dtionscnóirí riachtanacha rathúnais fhadtéarmaigh – ag tacú le lucht saothair níos sláintiúla agus níos táirgiúla, ag bainistiú costais cúram sláinte amach anseo, agus ag cumasú nuála. Is é daonra sláintiúil bunús na hEorpa comhtháite agus muiníní, agus tá tiomantas an AE do shláinte agus folláine ár ndaonra iomláin fós ar cheann dár láidreachtaí domhanda sainiúla.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar thábhacht na sláinte agus an iomaíochais a threisíonn a chéile. Cuirfimid sláinte agus folláine an daonra chun cinn mar bhunús ríthábhachtach do shlándáil agus d'iomaíochas na hEorpa, agus leagfaimid béim ar an gcaoi a dtugann nuáil i gcórais sláinte agus sna heolaíochtaí beatha torthaí do shaoránaigh na hEorpa. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann

athchóirithe iomaíochais thábhachtacha chun cinn trí chaibidlíocht ar an Ghníomh Bith-theicneolaíochta I (an Treoir agus an Rialachán araon) agus trí shimpliú an Rialacháin maidir le Feistí Leighis agus an Rialachán maidir le Diagnóisic In Vitro, mar aon le fócas ar thabhairt ar aghaidh an Phacáiste Cógaisíochta. Tabharfaimid tús áite freisin do dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Spáis Eorpaigh um Shonraí Sláinte, ag cur úsáid sonraí slán, idir-inoibritheacht agus creataí um muinín dhigiteach chun cinn a thacaíonn le taighde, nuáil, agus forbairt IS sábháilte agus éifeachtach sa tsláinte.

Tá cosc agus cothromas sláinte riachtanach do shláinte agus folláine mhuintir na hEorpa. Oibreoidh an Uachtaránacht chun cur i bhfeidhm Phlean “Croí Slán” an AE a bhrostú trí nuálaíochtaí i gcosc, i mbrath luath agus i gcúram comhtháite a chur chun cinn a laghdaíonn neamhionannais agus a fheabhsaíonn torthaí ar fud na mBallstát. Beidh nuáil réamhghníomhach i sláinte an daonra ríthábhachtach freisin d’inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus dár slándáil agus dár n-iomaíochas fadtéarmach. Mar chuid dár dtiomantas do nuáil réamhghníomhach i seachadadh cúram sláinte, tabharfaidh an Uachtaránacht aird níos mó ar shláinte agus ar riochtaí na mban, lena n-áirítear inmheatróis, agus aithneoidh sí a dtionchar ar rannpháirtíocht sa lucht saothair, ar úsáid cúram sláinte, agus ar fholláine fhadtéarmach.

Chun tacú le neart agus slándáil na hEorpa, treiseoimid athléimneacht an Aontais i leith bagairtí sláinte trí ghníomhartha ullmhachta a chur chun cinn, ag tacú leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, agus ag treisiú comhordú maidir le bagairtí slándála sláinte trasteorann lena n-áirítear frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, rioscaí cibearshlándála do bhonneagar sláinte, agus leochaileachtaí soláthair leighis. Leagfaidh Éire béim ar thábhacht agus ar thionchar chur chuige an Aontais i leith an mheabhairshláinte a chomhtháthú i ngach beartas agus fiosróidh sí bealaí chun ailtireacht shlándáil sláinte na hEorpa a neartú trína áirithiú go mbeidh an mheabhairshláinte fós ina cuid lárnach den athléimneacht, den ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus de bhainistiú na mbagairtí sláinte trasteorann.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le héiceachóras sláinte Eorpach níos athléimní trí acmhainneacht taighde cliniciúil agus trialach níos láidre a chur chun cinn, agus timpeallacht ina bhféadfar nuáil sna heolaíochtaí beatha a aistriú ar bhealach níos éifeachtaí i leas othar agus i ngníomhaíocht eacnamaíoch ardluacha ar fud an Aontais. Neartóimid ceannaireacht an AE i sláinte dhomhanda trí thacú le hiarrachtaí chun taidhleoireacht iltaobhach sláinte a neartú. Trí nuáil, ullmhacht, claochlú digiteach agus rochtain chothrom ar chúram a chur chun cinn, cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go gcuirfidh an tsláinte agus na heolaíochtaí beatha go hiomlán le hiomaíochas, athléimneacht agus folláine ár nAontais. Tá AE iomaíoch agus athléimneach chun leasa na gcóras sláinte agus na saoránach ar fud an Aontais.

# Comhairle Iomaíochais

**Glacann Éire Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag tráth ríthábhachtach d'iomaíochas an AE. Trí obair na Comhairle Iomaíochais, déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn cinntitheach ar go leor de na tionscnaimh shuaitheanta atá leagtha amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin a bhfuil sé mar aidhm acu iomaíochas na hEorpa a athnuachan, tacú lenár dtionscail, agus ár slándáil agus ár n-athléimneacht eacnamaíoch a neartú.**

Oibreoidh an Uachtaránacht chun bunús iomaíochas an AE a neartú tríd an Margadh Aonair a chur chun cinn tuilleadh, éifeachtúlacht rialála a fheabhsú, nuáil agus méadú a luathú do FBManna, agus a chinntiú go mbeidh iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa inbhuanaithe, athléimneach, agus ailínithe le cuspóirí sóisialta agus aeráide an AE.

Is cuid lárnach de gheilleagar iomaíoch Eorpach í rochtain ar thithíocht inacmhainne agus déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht na tionscnaimh faoin bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a chur chun cinn, lena n-áirítear an Gníomh um Thithíocht Inacmhainne agus an Gníomh um Sheirbhísí Tógála.

Beidh sé mar phríomhthosaíocht uasmhéadú a dhéanamh ar chion an taighde agus na nuála d'iomaíochas, slándáil agus rathúnas na hEorpa. Sa chomhthéacs seo, beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann caibidlíocht a chur chun cinn maidir leis an gcéad Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht eile de chuid an AE (Fís Eorpach) agus an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht atá beartaithe.

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar iomaíochas earnáil spáis na hEorpa a neartú mar réimse fáis straitéiseach.

## MARGADH INMHEÁNACH AGUS TIONSCAL

Is príomhthosaíocht don Aontas Eorpach fós feabhas a chur ar iomaíochas agus ar athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa, ag tabhairt ar aghaidh na dtosaíochtaí a sainaithníodh i dtuarascálacha Draghi agus Letta. Leagann an Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin cosán soiléir chun cinn le hamlínte uaillmhianacha maidir le seachadadh, agus tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann aghaidh ar an dúshlán seo. Tá simpliú rialála, comhtháthú níos doimhne den Mhargadh Aonair, coinníollacha infheistíochta feabhsaithe, forbairt scileanna, agus comhtháthú beartais níos fearr ar fud an AE mar bhonn leis an gcuspóir seo.

Faoi Uachtaránacht na hÉireann, cuirfidh an Chomhairle Iomaíochais (Margadh Inmheánach agus Tionsclaíocht) an clár oibre seo chun cinn le fócas ar leith ar an Margadh Aonair mar bhunchloch rathúnas na hEorpa. Díreofar na gníomhartha ar chur i bhfeidhm na Straitéise Margaidh Aonair, deireadh a chur leis na “deich mbacainn uafásacha” agus ar an gcaoi sin timpeallacht a chruthú inar féidir le FBManna fás agus méadú, inar féidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn bláthú, agus inar féidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach tacú le hiomaíochas le chéile.

Déanfaidh an Uachtaránacht dul chun cinn ar phríomhthionscnaimh a bhfuil fúthu an margadh inmheánach a neartú agus áit níos fearr a dhéanamh de chun gnó a dhéanamh agus chun oibriú, lena n-áirítear caibidlíocht ar EU Inc. (an 28ú Córas), an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, Gníomh um Shliseanna 2.0, agus Gníomh Táirgí an AE atá le teacht.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann de bheith ag tabhairt tosaíochta do bhacainní an Mhargaidh Aonair a bhaint, ualaí rialála a laghdú, trádáil a éascú, agus dlús a chur leis an gclaochlú digiteach, i gcomhréir leis an Treochlár. Comhlánófar an cur chuige seo le tacaíocht spriocdhírithe do nuáil, FBManna, agus taighde ardleibhéil i réimsí tábhachtacha amhail intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí glasa, rud a chinnteoidh fás inbhuanaithe agus cuimsitheach ar fud na mBallstát uile.

Tacóidh an Uachtaránacht le forbairt 28ú Réimeas EU Inc. a bheidh cairdiúil don nuáil, chun go mbeidh cuideachtaí in ann oibriú go réidh ar fud an Aontais. Léireoidh an tionscnamh seo príomhphrionsabail an AE maidir le trédhearcacht, cothroime, agus an smacht reachta, ag soláthar na gcoinníollacha cobhsaí atá riachtanach do ghnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh agus leathnú.

Tabharfar tús áite freisin d’infheistíocht in earnálacha straitéiseacha agus d’athléimneacht thionsclaíoch a neartú. I gcomhréir le moltaí thuarascáil Draghi maidir le hinfheistíocht thionsclaíoch a luathú, beidh tionscnaimh reachtacha a dhíríonn ar thionscail leathsheoltóirí, bith-theicneolaíochta, agus dian-fhuinnimh mar cholún lárnach d’obair na hUachtaránachta. Áireofar ar na príomhghníomhaíochtaí straitéis thionsclaíoch an AE a chur chun cinn, athchóiriú ar rialacha soláthair phoiblí a thabhairt ar aghaidh, ardchaighdeáin agus cothroime dhigiteach a chur chun cinn, éagsúlú a spreagadh chun spleáchais a laghdú, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chothú. Tá sé mar aidhm ag na bearta seo an AE a shuíomh mar ghníomhaí eacnamaíoch athléimneach agus seachtrach i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos luainí.

Beidh an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht ina thogra suaitheanta chun athnuachan tionsclaíoch a chur chun cinn laistigh den AE. Neartóidh sé iomaíochas tionsclaíoch an AE, luasghéaróidh sé dícharbónú, agus daingneoidh sé slabhraí soláthair in earnálacha straitéiseacha.

Beidh an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht ina chomhad tosaíochta d'Uachtaránacht na hÉireann, agus oibreoimid chun an sprioc a leag an Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin síos a bhaint amach, a iarrann ar na comhreachtóirí an Gníomh a chomhaontú faoi dheireadh na bliana.

Tacaíonn an obair seo freisin le cuspóirí cholún "cur chun cinn" Straitéis Slándála Eacnamaíche an AE, agus oscailteacht an Aontais agus a thiomantas do chóras trádála domhanda riailbhunaithe á gcaomhnú. Comhtháthóidh Uachtaránacht na hÉireann iomaíochas le hinbhuanaitheacht agus le cuimsiú, ag cur feabhas ar scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Oibreoimid chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus dícharbónú tionsclaíoch a chur chun cinn, ag ailíniú iomaíochais le spriocanna forbartha réigiúnacha agus aeráide, ag cur borradh faoinár n-athléimneacht eacnamaíoch agus ag coinneáil creat rialála intuartha, comhleanúnach agus bunaithe ar luachanna.

I ndiaidh Theachtaireacht an Choimisiúin, Leabhar Rialacha an AE atá níos Simplí, níos Soiléire agus níos Forfheidhmithe, cuirfidh an Uachtaránacht simpliú rialála agus forfheidhmiú níos fearr chun cinn. Áirítear leis seo athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana féin chun castacht neamhriachtanach a laghdú, róirialáil a sheachaint, agus a chinntiú go soláthróidh dlí an AE go héifeachtach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le dul chun cinn leanúnach ar chreat maoine intleachtúla an AE, agus a thábhacht maidir le nuáil agus fás eacnamaíoch á haithint. Díreofar an obair ar chomhaid reachtacha tosaíochta a chur chun cinn, comhthuiscint a chothú i measc na mBallstát, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach chun a chinntiú go bhfanfaidh sé oiriúnach don ré dhigiteach, agus cion an AE don Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil a chomhordú.

Tá sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann gné Eorpach an bheartais tithíochta a neartú tríd an nGníomh um Thithíocht Inacmhainne agus an Gníomh um Sheirbhísí Tógála atá le teacht.

Is tionscnamh lárnach é an Gníomh um Sheirbhísí Tógála faoin Straitéis Margaidh Aonair agus beidh sé mar aidhm aige an creat rialála do sheirbhísí tógála agus suiteála a nuachóiriú, táirgiúlacht a threisiú agus é a dhéanamh níos éasca seirbhísí a sholáthar trasna teorainneacha, go háirithe do FBManna i réigiúin teorann.

Beidh sé mar aidhm ag an nGníomh um Thithíocht Inacmhainne tacú le húdaráis phoiblí chun réimsí struis tithíochta a aithint, ar mhaithe le bearta a dhéanamh chun inacmhainneacht tithíochta a chosaint sna réimsí sin, lena n-áirítear maidir le cíosanna gearrthéarmacha. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta i gceantair atá faoi bhrú tithíochta, teastaíonn bearta chun an soláthar tithíochta a mhéadú i raon réimsí atá faoi smacht na mBallstáit amhail tógáil nua, úsáid níos fearr a bhaint as maoine

folamha, tithíocht shóisialta a fhorbairt, agus pleanáil agus ceadúnú a shimpliú.

Spreagfar comhoibriú tras-Chomhairle ar thionscnaimh chothrománacha amhail an próiseas simpliúcháin uileghabhálach, an Ciste Iomaíochais Eorpach, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus rialáil níos fearr.

## TAIGHDE AGUS NUÁIL

Tá córas taighde agus nuála na hEorpa ar cheann dá sócmhainní is láidre, mar a léirítear i dtuarascálacha Draghi agus Letta. Tá taighde agus nuáil mar bhonn le táirgiúlacht, iomaíochas, agus dul chun cinn sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha níos leithne. Tá luach léirithe ag Fís Eorpach maidir le dul i ngleic le dúshláin straitéiseacha, agus tá Uachtaránacht na hÉireann ag teacht le céim ríthábhachtach i mbeartas taighde agus nuála agus i dtimthriall buiséadach an AE.

Trí chaibidlíocht a chur chun cinn maidir leis an gcéad Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht eile de chuid an AE (FP10) – ar a dtugtar an clár Fís Eorpach freisin – cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann leis an obair a rinne Uachtaránachtaí roimhe seo agus cabhróidh sí lena chinntiú go bhfanfaidh taighde agus nuáil lárnach i gceapadh beartais an AE, ag tacú le hEoraip iomaíoch, shlán agus rathúil.

Beidh feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán nuála na hEorpa ina thosaíocht freisin. Chuige sin, déanfaidh an Uachtaránacht iarracht caibidlíocht a chur chun cinn maidir leis an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht atá beartaithe. Ag an am céanna, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tús le plé ar Ghníomh um Limistéar Eorpach Taighde Eorpach (LET) amach anseo, ag tacú le forbairt LET lánfheidhmiúil a bheidh tarraingteach do thallann dhomhanda agus a uasmhéadóidh tionchar an taighde.

## SPÁS

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar iomaíochas earnáil spáis na hEorpa a fheabhsú trí acmhainneacht margaidh aonair don spás a dhíghlasáil, nuáil a chothú, tacú le fás FBManna agus méadú fiontar spáis a chumasú. Cinnteoidh an Uachtaránacht go gcomhlíonfar na coinníollacha le haghaidh forbairt leanúnach Chlár Spáis an Aontais, trí Rialachán Ghníomhaireacht an AE um Sheirbhísí Spáis a chur chun cinn i gcomhthráth le hairteagail ábhartha den Chiste Eorpach um Iomaíochas, chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach chlár oibre uaillmhianach spáis an AE. Cuirfidh an Uachtaránacht cion luachmhar earnáil spáis an AE do thosaíochtaí straitéiseacha níos leithne an AE chun cinn, agus cabhróidh sí le hoibríochtaí spáis sábháilte, slána agus inbhuanaithe a choinneáil i measc gníomhaíochta spáis atá ag méadú go mear trí Ghníomh an AE um an Spás a chur chun cinn.

Beidh sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a neartú, slándáil agus athléimneacht a fheabhsú, agus ceannaireacht dhomhanda an AE a threisiú san earnáil seo atá ríthábhachtach ó thaobh straitéise de.

# Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh

**Trí obair na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TTE), tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le hiarrachtaí chun Eoraip níos ceangailte, níos athléimní agus níos iomaíche a thógáil i gcomhréir leis an Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin. Tacóimid le forbairt líonra iompair na hEorpa mar phríomhchumasóir don iomaíochas, oibreoimid i dtreo dícharbónú agus aistriú cóir san earnáil iompair, agus cinnteoimid go mbeidh líonra iompair sábháilte, slán agus athléimneach in ann freastal ar shaoránaigh na hEorpa.**

Cuirfimid obair ar nascacht dhigiteach agus líonraí digiteacha chun cinn, agus oibreoimid chun cibearshlándáil agus athléimneacht cibearshlándála a neartú, chomh maith le hinfheistíocht i nascacht teileachumarsáide faoi uisce agus i slándáil agus athléimneacht cáblaí faoi uisce. Féachfaimid le ceannaireacht an AE i néalríomhaireacht agus in intleacht shaorga a neartú, agus obair ar shimpliú digiteach a thabhairt chun cinn, ag cur le hiomaíochas an Aontais.

Brúfaimid clár oibre fuinnimh an Aontais chun cinn chun fíor-shlándáil fuinnimh a thógáil, ag tacú le himscaradh fuinnimh in-athnuaite dhúchasaigh agus fuinnimh ghlain, agus ag tógáil eangacha láidre. Beidh Uachtaránacht na hÉireann freagrúil d'fhachtóirí geopholaitiúla leanúnacha agus a n-impleachtaí maidir le hinacmhainneacht agus slándáil fuinnimh. Tacóimid le forbairt córais fuinnimh níos leictrithe, níos athléimní agus níos éifeachtaí a fhéadfaidh praghsanna a ísliú do shaoránaigh ar fud na hEorpa.

## IOMPAR

### Iompar mar Chumasóir don Iomaíochas

I measc dianiomaíocht dhomhanda, tá an líonra iompair Eorpach riachtanach chun iomaíochas an AE a threisiú. Chun rannchuidiú an iompair don iomaíochas a uasmhéadú, tá Uachtaránacht na hÉireann réidh le dul chun cinn a dhéanamh ar chaibidlíocht maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) mar chuid de chaibidlíocht níos leithne maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034.

Tá infheistíocht CEF ríthábhachtach chun Líonra Iompair Tras-Eorpach (TEN-T) de bhonneagar iarnróid, muirí agus uiscebhealaí intíre a chomhlánú, rud a chuireann taca faoi shaorghluaiseacht daoine agus earraí ar fud an Aontais.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil mhuirí i bhfás eacnamaíoch agus i gcumas iomaíochta an AE. Ag cur leis an Straitéis Thionsclaíoch Mhuirí AE agus leis an Straitéis AE um Chalafoirt, aithneoidh Uachtaránacht na hÉireann ról lárnach na gcalafort i seachadadh slándála fuinnimh agus leanfaidh sí de bheith ag iarraidh tacú le nuachóiriú na hoiliúna chun freastal ar riachtanais scileanna ríthábhachtacha laistigh den earnáil mhuirí.

Is cumasóir tábhachtach eile d'iomaíochas an AE í an eitlíocht. Tá nascacht leathnaithe, gníomhaíocht eacnamaíoch tacaithe agus buntáistí suntasacha tugtha do ghnólachtaí agus do shaoránaigh mar gheall ar fhorbairt mhargadh eitlíochta inmheánach an AE. Le linn Uachtaránacht na hÉireann, cuirfimid tús le caibidlíocht maidir le hathbhreithniú ar an Rialachán um Sheirbhísí Aeir, lena n-áirítear saincheisteanna tábhachtacha amhail ceadúnú aerlínte, trédhearcacht praghsála agus rochtain ar an margadh. Ag an am céanna, tacóimid le plé ar Straitéis Eitlíochta nua an AE chun iomaíochas na hearnála ríthábhachtaí seo a dhaingniú.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann clár oibre simpliúcháin an AE maidir le hiompar chun cinn, lena n-áirítear príomhghnéithe den Phacáiste Feithicleach, trí shruthlíniú rialála a thacaíonn le hiomaíochas ar fud an éiceachórais iompair níos leithne. I gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, beidh sé mar aidhm againn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste Omnibus um Shimpliú Feithicleach faoi dheireadh 2026.

## Dícharbónú agus Aistriú Cóir a Chur i bhFeidhm

Tá sé ríthábhachtach aistriú cóir, glas a chur i bhfeidhm chun spriocanna dícharbónú an AE a bhaint amach. Cabhróidh na deiseanna eacnamaíocha a chuireann an t-aistriú glas i láthair le hiomaíochas fadtéarmach an AE a dhaingniú.

Maidir leis an iompar, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite do dhul chun cinn na bpléití ar Fheithiclí Corparáideacha Glana. Mar aon leis na tograí a bhaineann le Caighdeáin Astaíochtaí CO2 do Ghluaisteáin agus do Veaineanna agus athbhreithniú an Chórais Trádála Astaíochtaí d'Eitlíocht agus Cúrsaí Mhuirí, a chuirfear chun cinn tríd an gComhairle Comhshaoil, beidh an obair seo ríthábhachtach chun ceannaireacht dhomhanda an AE sa réimse seo a choinneáil.

Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann seasamh an AE chun cinn agus tacóidh sí le hiarrachtaí for-rochtana le comhpháirtithe tríú tíortha ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) d'fhonn glacadh go dearfach le Chreat Glan-Nialasach an IMO agus é a bhur i bhfeidhm.

## Ag Soláthar do Shaoránaigh

Is príomhthosaíocht iompair le linn Uachtaránacht na hÉireann é soláthar do shaoránaigh, agus béim láidir ar chearta paisinéirí agus ar dhigitiú. Tá sé ríthábhachtach cur chuige cothrom agus comhsheasmhach a chinntiú i leith chearta paisinéirí ar fud na modhanna iompair go léir chun córas iompair cothrom, iontaofa agus dírithe ar an tomhaltóir a chothabháil.

Tá sé thar a bheith tábhachtach cearta paisinéirí trasteorann a neartú chun tacú le soghluaisteacht réidh ar fud an AE, agus cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tábhacht ar rialacháin thábhachtacha lena n-áirítear iad siúd maidir le Cearta Paisinéirí Iarnróid agus Cearta Paisinéirí Ilmhódacha.

Chun taisteal ar fud an Aontais Eorpaigh a shimpliú, leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann den obair ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ticéadú Iarnróid don earnáil iarnróid agus ar thogra le haghaidh Rialachán maidir le hÁirithint Ilmhódach, amhail pleanálaithe bealaí nó díoltóirí ticéad a chabhraíonn le húsáideoirí iompair roghanna taistil a chur i gcomparáid.

## Líonra Iompair Sábháilte, Slán, Athléimneach

Ní mór don tsábháilteacht fanacht mar phríomhthosaíocht i gcónaí don iompar san AE. Faoin téama seo, díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar chomhaontú i gcaibidlíocht idir-institiúideach ar an bPacáiste Ródacmhainneachta, lena n-áirítear na Treoracha um Chigireacht Theicniúil Thréimhsiúil, Cigireacht Cois Bóthair agus Clárú Feithiclí.

Agus an gá le hardleibhéil sábháilteachta a choinneáil go héifeachtach agus leanúint den chomhoibriú san earnáil iarnróid, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann isteach agus cuirfidh sí chun cinn na hathbhreithnithe atá beartaithe ar Rialachán Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) agus ar an Treoir um Dheimhniú Tiománaithe Traenach.

Ag aithint go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag an teicneolaíocht chun sábháilteacht iompair a fheabhsú, go háirithe ar ár mbóithre, leagfaidh an Uachtaránacht béim ar ról uirlisí digiteacha, córas uathoibrithe agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear feithiclí nasctha agus uathrialacha. Agus é sin á dhéanamh aici, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann nuálaíochtaí chun cinn a neartóidh sábháilteacht ár saoránach agus a chinnteoidh go bhfanfaidh an AE i gceannas ar nuáil iompair.

Is réimse fócais athnuaite don AE é an tslándáil. I gcomhréir leis an bhfócas seo, tacóidh Uachtaránacht na hÉireann le dul chun cinn ar an Rialachán maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, a bhfuil sé mar aidhm aige gluaiseacht pearsanra agus trealaimh mhíleata a shruthlíniú go tapa i ngéarchéim.

## TEILEACHUMARSÁID

I réimse na teileachumarsáide, beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann téacsanna comhréitigh pháirteacha a chur chun cinn agus Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn suntasach a chur isteach maidir leis an nGníomh um Líonraí Digiteacha. Molann sé seo athbhreithniú agus athchóiriú suntasach ar chreat rialála teileachumarsáide na hEorpa. Is é a phríomhchuspóir margadh aonair a chruthú chun nascacht agus iomaíochas a fheabhsú trí shimpliú agus cinnteacht infheistíochta níos mó. Tá súil ag Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn a dhéanamh ar chaibidlíocht thrípháirteach ar an togra maidir le Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa le Parlaimint na hEorpa tar éis comhaontú ar chur chuige ginearálta na Comhairle, d'fhonn comhaontú a bhaint amach ar an togra mar atá leagtha amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin. Déanfaimid abhcóideacht freisin ar son infheistíocht a mhéadú i nascacht teileachumarsáide faoi uisce agus tacóimid go láidir le cur i bhfeidhm gníomhartha ar leibhéal náisiúnta agus AE a fheabhsóidh slándáil agus athléimneacht cáblaí faoi uisce.

Beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann freisin Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a chur isteach ar an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, gné lárnach d'uaillmhian an AE chun acmhainn na hEorpa i mbonneagar néalríomhaireachta agus intleachta saorga a neartú. Is colún lárnach de chur chuige an AE i leith ceannasacht dhigiteach an togra, ag tacú le cumas na hEorpa IS a fhorbairt agus a imscaradh ar scála agus ag laghdú spleáchais i réimsí criticiúla.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn freisin ar chaibidlíocht maidir leis an gCinneadh um Sheirbhísí Satailíte Soghluaiste d'fhonn cur chuige ginearálta a bhaint amach faoin gceist seo faoi dheireadh ár nUachtaránachta.

Sa réimse idirnáisiúnta, comhordóidh Uachtaránacht na hÉireann seasaimh an AE ag cruinnithe fóram idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear cruinniú lánchumhachtach an Aontais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta.

Beidh athbhreithniú an Ghnímh um Chibearshlándáil (CSA) ríthábhachtach chun a chinntiú go léireoidh sainordú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) go cruinn na cúraimí a shannfar di tríd an gcreat reachtach cibearshlándála. Beidh sé ríthábhachtach freisin chun a chinntiú go ndéanfar creat deimhniúcháin cibearshlándála an AE a mhionchoigeartú chun inoibritheacht a chinntiú. Beidh tionchar dearfach aige seo ar an Margadh Aonair freisin trí níos mó comhchuibhithe a sholáthar agus cuirfidh sé le leibhéil níos airde cibearshlándála agus athléimneachta cibearshlándála.

Chomh maith leis sin, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann plé chun cinn maidir le dúshláin slándála slabhraí soláthair TFC, lena n-áirítear fachtóirí riosca neamhtheicniúla, mar chuid den athbhreithniú ar an CSA. Is é aidhm Uachtaránacht na hÉireann an CSA athbhreithnithe a ailíniú le tosaíochtaí slabhra soláthair na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach (ProtectEU), atá léirithe i bhforálacha Threoir NIS2, na Treorach maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (CER), agus an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht , chomh maith leis an CSA, agus a chinntiú freisin go bhfeidhmeoidh an CSA athbhreithnithe mar chreat comhlántach agus mar bheart reachtach a sheachnóidh dúbláil neamhriachtanach. Tógfaidh plé den sórt sin ar an obair atá ar siúl ar mheasúnuithe riosca comhordaithe in earnálacha na teileachumarsáide agus an leictreachais, líonraí 5G chomh maith leis an measúnú riosca a glacadh le déanaí ar fheithiclí nasctha agus uathoibrithe.

Chuir an Omnibus Simplithe Digiteach tús le hiarrachtaí chun castacht rialála a laghdú, comhtháthú a fheabhsú ar fud acquis sonraí an AE agus reachtaíocht dhigiteach, agus tacú le nuáil agus iomaíochas i Margadh Aonair an AE. Tá sé seo sínte isteach i gcibearshlándáil trí thionscnaimh chun tuairisciú teagmhas a shimpliú agus a chomhchuibhiú trí phointe iontrála aonair, rud a chabhróidh le hualaí riaracháin do ghnólachtaí a laghdú. I gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, beidh fúinn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste Omnibus Digiteach faoi dheireadh 2026. Leanfar de bheith ag forbairt iarrachtaí simpliúcháin i réimse na cibearshlándála trí athbhreithnithe ar an CSA.

Tá soiléireacht níos fearr tugtha ag bunú an Treoirphlean um Chibearshlándáil agus cleachtaí ina dhiaidh sin maidir le róil agus freagrachtaí eintiteas ar gach leibhéal d'éiceachóras cibearshlándála an AE. Leanfaidh an Uachtaránacht de bheith ag gabháil go dlúth le cleachtaí leanúnacha amhail Cyber Europe chun a chinntiú go ngabhfar agus go roinnfear foghlaim agus léargais nua. Is féidir leis na feabhsuithe praiticiúla seo a bheith mar thoradh orthu chun ullmhacht chomhchoiteann, athléimneacht agus cumais freagartha comhordaithe a neartú ar fud na mBallstát agus na n-institiúidí, chomh maith le cinntiú go n-oibreoidh an Treoirphlean um Chibearshlándáil go héifeachtach i ndáil le cur chuige freagartha géarchéime níos leithne an AE chomh maith le hionstraimí eile an AE amhail an Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta. Tugann an Uachtaránacht dá haire freisin an spéis atá ann go mbeadh an leibhéal polaitiúil páirteach go dlúth in aon chleachtaí leanúnacha agus scrúdóidh sí conas is féidir é seo a éascú.

Táthar ag súil freisin go bhfeicfidh Uachtaránacht na hÉireann tús le caibidlíocht maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar sheirbhísí poist trí Ghníomh Seachadta nua an AE. Féachfaidh an rialachán atá beartaithe le seachadadh inacmhainne agus inrochtana a chinntiú ar fud an AE, iomaíocht chóir, agus cosaint níos láidre do thomhaltóirí.

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tacaíocht do thaidhleoireacht dhigiteach i gcomhthéacsanna iltaobhacha agus déthaobhacha, lena n-áirítear tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití Idirnáisiúnta. Oibreoimid chun comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a chur chun cinn agus spriocanna digiteacha an AE á saothrú, agus tacóimid le cur chuige slán, cuimsitheach agus bunaithe ar chearta sa timpeallacht dhigiteach idirnáisiúnta.

## FUINNEAMH

Dhá uair le blianta beaga anuas, tá sé léirithe go bhfuil margaí fuinnimh na hEorpa ag brath go díreach ar ghníomhartha fórsaí seachtracha agus tá saoránaigh Eorpacha tar éis fulaingt faoi dhó dá bharr. Ní dhéanfaidh tíortha, gnólachtaí agus daoine Eorpacha briseadh saor ón bhfáinne fí seo agus fíor-shlándáil fuinnimh a thógáil ach amháin trí fhuinneamh in-athnuaite dúchasach agus fuinneamh glan a imscaradh gan staonadh, agus tacaíocht á fáil acu ó eangacha láidre agus trí uaillmhian choiteann chun ár sochaithe a leictriú.

Ag teacht le tuarascáil Draghi, AccelerateEU agus an Plean Gníomhaíochta um an Leictriúchán, agus ag léiriú an Treochláir Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann clár oibre fuinnimh an AE ar aghaidh chun Pacáiste Eangacha na hEorpa a sheachadadh agus chun an togra maidir le Cánachas Fuinnimh agus Muirir Líonra agus an Creat Slándála Fuinnimh a chur chun cinn. Tá leictriú ríthábhachtach chun an dúshlán criticiúil a bhaineann le héagsúlú ar shiúl ónár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a shárú agus sprioc an Ghlan-Nialais faoi 2050 a bhaint amach. Beidh Uachtaránacht na hÉireann freagrúil don choinbhleacht gheopholaitiúil leanúnach agus a thionchar ar inacmhainneacht agus slándáil fuinnimh. Dá bhrí sin, fanfaidh an Uachtaránacht solúbtha agus inoiriúnaithe i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ag athrú.

Mar thoradh ar na tionscnaimh seo, beidh córas fuinnimh níos leictrithe, níos athléimní agus níos éifeachtaí ann a fhéadfaidh praghsanna a ísliú do shaoránaigh. Tá Uachtaránacht na hÉireann réidh chun ceannaireacht a ghlacadh ar sheachadadh na mbeart nua seo.

### Córais Fuinnimh Inbhuanaithe, Inacmhainne, Shlána

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar an ngá atá le leictriú agus imscaradh luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus ghlain, chun cumhacht dhícharbónaithe agus inacmhainne a sheachadadh do shaoránaigh. Laghdaíonn méadú ar leictriú agus infhaighteacht fuinnimh in-athnuaite agus fuinnimh ghlain dhúchasaigh nochtadh do mhargaí breosla iontaise luaineacha agus neartaíonn sé uathriail straitéiseach na hEorpa.

Ní mór an t-aistriú seo a chumasú le bonneagar nua-aimseartha, solúbtha. Tá Pacáiste Eangacha na hEorpa, ina bhfuil an Rialachán TEN-E athbhreithnithe agus an Treoir Cheadúcháin, lárnach don iarracht seo. Díghlasálfaidh sé an fuinneamh in-athnuaite ollmhór, ar tír mór agus amach ón gcósta, atá ag fanacht le himscaradh

ar fud na mór-roinne. Beidh nuachóiriú agus uas-scálú eangacha leictreachais an AE agus sruthlíniú ceadúcháin eangaí riachtanach chun na spriocanna atá leagtha amach i dtuarascáil Draghi a bhaint amach. Aontaíonn Uachtaránacht na hÉireann le hiarratas na Comhairle Eorpaí ar na comhreachtóirí Pacáiste na nEangach Eorpach a chomhaontú agus a ghlacadh in 2026, lena n-áirítear an amlíne uaillmhianach chun an Pacáiste Eangacha a thabhairt i gcrích atá leagtha amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin.

Barrfheabhsú na líonraí eangaí atá againn, agus an eangach nua atá beartaithe againn a thógáil, sin an fáth go dtabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tús áite don togra maidir le Muirir agus Cánachas Líonra. Déanfaidh sé seo an córas taraife líonra a nuashonrú freisin chun úsáid fuinnimh sholúbtha agus éifeachtúil a spreagadh agus an tsolúbthacht a theastaíonn ó Bhallstáit a sholáthar dóibh chun cánacha leictreachais a laghdú, más mian leo é sin a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar an 'Spréachbhearna' (an difríocht i gcostas aonaid fuinnimh ó bhreoslaí iontaise agus aonad fuinnimh ó leictreachas).

Is riachtanas lárnach de chóras fuinnimh na hEorpa anois é frithsheasmhacht in aghaidh ionsaí seachtrach agus éifeachtaí méadaitheacha an athraithe aeráide. Dá bhrí sin, beidh dul chun cinn an Chreata Slándála Fuinnimh ina thosaíocht lárnach d'Uachtaránacht na hÉireann. Tar éis ghéarchéim fuinnimh 2021-2023, agus i bhfianaise an bhrú geopholaitiúil leanúnaigh ar sholáthairtí fuinnimh in 2026, déanfar ár reachtaíocht maidir le slándáil an tsoláthair gáis agus leictreachais a nuashonrú chun dúshláin agus riachtanais nua a léiriú. Cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go bhfanfaidh cosaint agus athléimneacht bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear cáblaí faoi uisce, ard ar an gclár oibre.

Go háirithe, tá cogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a feachtas gníomhaíochta hibridí i gcoinne na hEorpa tar éis béim a leagan ar an ngá atá le hullmhacht agus athléimneacht níos fearr. Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann leis an obair ar Threochlár RePowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile leis na hallmhairí fuinnimh Rúiseacha atá fós ag teacht isteach sa mhargadh Eorpach.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann leis na caibidlíochtaí maidir le tionscnaimh fuinnimh an AE i gcomhthéacs an CAI, ag cinntiú go mbeidh dóthain acmhainní ann do thosaíochtaí aeráide agus fuinnimh. Sa chomhthéacs seo, beidh ról ríthábhachtach ag an CEF freisin i maoiniú bonneagair fuinnimh trasteorann, lena n-áirítear idirnascairí, eangacha amach ón gcósta agus líonraí hidrigine a fheabhsaíonn iomaíochas, slándáil soláthair agus comhtháthú margaidh.

Beidh sé mar aidhm ag Uachtaránacht na hÉireann dhá thogra reachtacha a chur chun cinn a chuirfidh sábháilteacht núicléach agus díchoimisiúnú gléasraí cumhachta núicléacha chun cinn. Feabhsóidh an Ionstraim um Chomhar agus Díchoimisiúnú Sábháilteachta

Núicléiche sábháilteacht núicléach san Eoraip agus i dtríú tíortha, agus cabhróidh Rialachán Díchoimisiúnaithe Ignalina le clár díchoimisiúnaithe a chur i bhfeidhm do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina, le béim ar leith ar dhúshláin sábháilteachta raideolaíocha a bhainistiú.

Chomh maith leis sin, cuirfidh an Uachtaránacht obair ar an Omnibus Simpliúcháin Táirgí Fuinnimh atá le teacht, a fhéachfaidh le rialacha an AE maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh atá ag raon leathan táirgí a shimpliú ar fud píosaí éagsúla reachtaíochta an AE.

Is riachtanas straitéiseach don Eoraip é fuinneamh inbhuanaithe, slán agus inacmhainne. Cuireann sé taca faoin tsochaí, tacaíonn sé le hiomaíochas eacnamaíoch agus cumasaíonn sé cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach. Chun ár spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach, teastaíonn athruithe bunúsacha sa chaoi a dtáirgimid agus a n-úsáidimid fuinneamh agus a chinntiú go bhfanfaidh córais fuinnimh athléimneach, inacmhainne agus ina dtaca le fás eacnamaíoch.

# Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh

**Tá ról lárnach ag an talmhaíocht agus ag an iascach chun slándáil bia na hEorpa a chinntiú, chun tacú le hiomaíochas eacnamaíoch agus chun pobail tuaithe agus chósta a chothabháil, agus ag an am céanna cur le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais.**

Oibreoidh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh chun tacú le teaghlaigh feirmeoireachta agus iascaireachta, chun a n-ioncam a chosaint, chun iomaíochas a neartú, chun pobail tuaithe agus chósta a chothabháil agus chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir trí cholún na hinbhuanaitheachta – inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil.

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann aird ar leith ar shaincheisteanna slándála bia, iomaíochais, simplithe, inbhuanaitheachta agus athnuachana glúine.

## Comhchreat do Thalmhaíocht Iomaíoch, Inbhuanaithe

Beidh obair ar an gcreat don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) feasta ina phríomhfhócas ag Uachtaránacht na hÉireann.

Díreoidh an Chomhairle ar an ngá atá le CBT atá coitianta, cobhsaí agus cothrom. Ní mór don CBT amach anseo a bheith inoibrithe i gcleachtas agus níos simplí d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile den CBT dul i ngleic leis, ag laghdú ualaí riaracháin neamhriachtanacha agus ag tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach ar an talamh trí chur chuige comhoibríoch faoi stiúir áitiúil a thacaíonn le pobail tuaithe.

Breithneofar sna pléití conas is féidir leis an CBT amach anseo cothromaíocht a bhaint amach idir inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil. Áireofar leis seo malartuithe maidir le cinntiú go leanfaidh an CBT ina bhonn taca do shlándáil bia na hEorpa, go dtacóidh sé le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta dár bpobail feirmeoireachta agus tuaithe, go n-éascóidh sé athnuachan glúine, agus go dtacóidh sé le baint amach ár gcuspóirí aeráide agus comhshaoil.

Beidh tábhacht le solúbthacht laistigh de chomhchreat, rud a ligfidh do na Ballstáit tabhairt faoi réaltachtaí réigiúnacha agus riachtanais earnálacha.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar chlár oibre simpliúcháin an AE chun cinn freisin, lena n-áirítear iarrachtaí chun

rialacha a shimpliú do tháirgeoirí, d'oibreoirí agus d'údaráis náisiúnta agraibhia. I gcomhréir leis na gealltanais a leagadh amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, beidh sé mar aidhm againn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste Omnibus um Shimpliú Sábháilteachta Bia agus Beatha faoi dheireadh 2026.

## Ról an Bheostoic i dTalmhaíocht na hEorpa

Is cuid lárnach de Thalmhaíocht na hEorpa agus dár bpobail tuaithe í an fheirmeoireacht beostoic fós, agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le cur le slándáil bia, bainistíocht talún agus beocht na gceantar tuaithe.

Breithneoidh pléite na Comhairle conas is féidir le feirmeoireacht beostoic cur le cuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta, agus freagairt á tabhairt do dhúshláin chomhshaoil agus aeráide ag an am céanna.

Beidh leas ainmhithe i gcórais beostoic fós lárnach sna pléite seo, rud a léiríonn ionchais na sochaí agus an gá atá le caighdeán ard a choinneáil ar fud an Aontais. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar an bhfíric go gcaithfidh rialacha leasa ainmhithe a bheith bunaithe go daingean ar eolas eolaíoch agus teicniúil, chomh maith le tarraingt ar thaithí agus ar dhea-chleachtais na mBallstát.

## Cobhsaíocht agus Trádáil an Mhargaidh Talmhaíochta i gComhthéacs Domhanda atá ag Athrú

Margaí talmhaíochta dea-fheidhmiúla agus caidreamh trádála cothrom, tá na nithe sin lárnach d'athléimneacht agus d'inbhuanaitheacht earnáil agraibhia na hEorpa.

Fanfaidh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ag breithniú go rialta ar staid an mhargaidh agus ar shaincheisteanna a bhaineann le trádáil le linn Uachtaránacht na hÉireann.

Maidir le margaí, díreoidh pléite ar fhorbairtí praghsanna, costais ionchuir, agus brúnna a théann i bhfeidhm ar earnálacha íogaire. Sa chomhthéacs seo, rachaidh Uachtaránacht na hÉireann ar aghaidh le plé ar an bPlean Gníomhaíochta um Leasacháin.

Maidir le trádáil, léireofar sna pléite an tábhacht a bhaineann le caidrimh trádála oscailte, bunaithe ar rialacha, agus béim á leagan ar an ngá atá le cothrom na Féinne a chinntiú d'fheirmeoirí Eorpacha trí fhaireachán dlúth ar an margadh agus úsáid chuí a bhaint as bearta faireachais agus cosanta i gcás ina dtiocfaidh rioscaí chun cinn i leith suaitheadh sa mhargadh.

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun togra agus treochlár an Choimisiúin a chur chun cinn chun an creat le haghaidh táirgeadh agus lipéadú orgánach a leasú, agus béim á leagan ar shoiléireacht rialála, deimhneacht dhlíthiúil agus inoibritheacht d'oibreoirí, lena n-áirítear i ndáil le deimhniú agus trádáil le tríú tíortha.

## Tacú le hAthnuachan Glúine agus rannpháirtíocht sa Talmhaíocht agus san Iascach

Tá sé ríthábhachtach athnuachan glúine a chinntiú d'inbhuanaitheacht agus d'iomaíochas fadtéarmach earnálacha talmhaíochta agus iascaigh na hEorpa. Breithneoidh Uachtaránacht na hÉireann conas is féidir le creataí beartais agus bearta iontrálaithe nua a spreagadh agus comharbas feirmeoireachta agus iascaigh a éascú ar fud an Aontais. Tabharfar aird ar leith ar ról na mban sa talmhaíocht agus san iascach, le linn Bhliain Idirnáisiúnta an Bhanfheirmeora, lena n-áirítear an gá atá le feabhas a chur ar infheictheacht, rannpháirtíocht agus deiseanna do mhná i bpobail tuaithe agus chósta, agus aitheantas á thabhairt dá gcion do chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa.

## Nuáil, Cruthú Luacha agus an Bithgheilleagar

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar an mbithgheilleagar, ag léiriú a chumais chun tacú le héagsúlú, luach a chur le táirgeadh príomhúil agus cur le hinbhuanaitheacht aeráide agus comhshaoil.

Díreoidh malartuithe ar an gcaoi a bhféadfadh nuáil, eolas agus teicneolaíochtaí nua tacú le forbairt inbhuanaithe earnálacha agraibhia agus iascaigh agus bia mara, cosaint sláinte plandaí agus iomaíochas a neartú, agus deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú do phobail tuaithe agus chósta, agus an úsáid is fearr á baint as ár n-acmhainní bitheolaíocha ag an am céanna..

## Todhchaí Athléimneach, Inbhuanaithe d'Iascach agus do Dhobharshaothrú

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann i dtreo críoch tráthúil a chur ar chaibidlíocht maidir le deiseanna iascaireachta. Tá formhór stoic éisc an AE san Atlantach Thoir Thuaidh roinnte anois le stáit chósta eile. Féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann le seasamh na mBallstát sna caibidlíochtaí seo a chomhordú, chun bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar stoic chomhroinnte agus páirc imeartha chothrom a sholáthar do chabhlaigh an AE.

Trí chomhaontú a fháil maidir le deiseanna iascaireachta sa Mhuir Bhailt, san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh agus sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, cuirfear cinnteacht ar fáil do chabhlaigh an AE in 2027.

Tar éis fhoilsiú Mheasúnú an Choimisiúin ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, machnóidh Uachtaránacht na hÉireann ar thorthaí na meastóireachta agus ar na chéad chéimeanna eile. Beidh breithniú ar an gcaoi a bhféadfaidh an tAontas a earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe a fhorbairt go hinbhuanaithe agus a chinntiú go léireofar ról tábhachtach na n-earnálacha seo go cuí i gcinntí a dhéanfar ar leibhéal na hEorpa, lena n-áirítear i bhFís 2040 don Iascach agus don Dobharshaothrú.

Braitheann acmhainneacht iomaíoch agus deis eacnamaíoch d'iascairí agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe na hEorpa ar aigéin ghlana, athléimneacha agus farraigí sláintiúla. I gcomhréir leis seo, beidh Uachtaránacht na hÉireann páirteach go réamhghníomhach i bpléite faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan, chun a chinntiú go leanfaidh cur chuige aontaithe an Aontais i leith rialachas na n-aigéan de bheith ag cothú iomaíochais ar fud earnáil an bhia mara.

Mar bhonn agus taca leis an obair seo go léir tá fócas ar thacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach, iomaíochas agus athléimneacht earnáil bhia mara an AE.

## Forbairt na Tuaithe

Tá fócas láidir ar fhorbairt chothrom níos leithne ar cheantair thuaithe i mbeartas forbartha tuaithe an Aontais Eorpaigh freisin. Léiríonn sé seo an fhíric, cé go bhfuil thart ar 20 faoin gcéad de dhaonra na hEorpa i gceantair thuaithe, go bhfuil a n-aschur eacnamaíoch i bhfad faoi bhun mheán na hEorpa. Ag léiriú spriocanna Phlean Gníomhaíochta an AE um an Tuath, ag cur rochtain ar phoist dea-cháilíochta chun cinn, ag soláthar bonneagar níos fearr, ag forbairt scileanna agus ag éagsúlú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann chun cinn tábhacht an fhócais beartais leanúnaigh agus na dtacaíochtaí maoinithe do phobail tuaithe agus d'fhorbairt tuaithe ar fud an AE.

# Comhairle Comhshaoil

**Le linn Uachtaránacht na hÉireann, oibreoidh an Chomhairle Comhshaoil i dtreo iarracht uile-shochaí a ghlacadh chun geilleagar neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a chruthú.**

Tá Uachtaránacht na hÉireann tiomanta do chlár oibre uaillmhianach an AE a chomhlíonadh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus aistriú chuig geilleagar neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann a dícheall beartais agus bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a spreagfaidh dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta, agus ag an am céanna ár dtimpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus a dhaingniú don todhchaí trí chomhtháthú beartais níos fearr, chun athléimneacht a neartú ar fud na bithéagsúlachta, na haeráide agus an uisce. Trí thionscnaimh amhail an Omnibus Simplithe Comhshaoil, tá sé mar aidhm againn cur le laghdú ar an ualach riaracháin do ghnólachtaí, agus cuspóirí uaillmhianacha an AE a choinneáil chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint.

San áireamh leis sin, beidh tionscnaimh feasachta comhshaoil a chur chun cinn, tacú le haistriú cóir agus le hiompraíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, athléimneacht uisce a neartú, cailliúint bithéagsúlachta a aisiompú agus dul chun cinn i dtreo timpeallacht gan truailliú mar a shamhlaítear i bPlean Gníomhaíochta an AE maidir le Saoirse ó Thruailliú.

Beidh sé mar aidhm againn é seo a bhaint amach trí cheannaireacht chomhtháite, bunaithe ar eolaíocht agus dírithe ar réitigh a sholáthar san AE. Éilíonn sé seo go gcoimeádfar le cinnteoireacht iltaobhach atá bunaithe ar rialacha, chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, cailliúint bithéagsúlachta agus truailliú, ar géarchéimeanna idirnasctha iad, agus chun bainistíocht agus cosaint inbhuanaithe, chothrom na n-acmhainní mara agus fionnuisce comhroinnte a chinntiú.

## Luasghéarú gníomhaíochta d'Eoraip athléimneach agus neodrach ó thaobh na haeráide de

Is ceannaire domhanda é an AE i ngníomhaíocht aeráide agus tá Uachtaránacht na hÉireann tiomanta do thodhchaí níos glaise a mhúnlú do shaoránaigh an AE, ag tacú leis an ngeilleagar agus le slándáil fhadtéarmach an AE trí bheartais a spreagadh a chuidíonn le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó.

Agus sinn ag druidim le 2030, tá géarghá le gníomhaíocht aeráide luathaithe agus feabhsaithe, agus iomaíochas na hEorpa á chosaint ag an am céanna. In 2026, molfaidh an Coimisiún roinnt leasuithe agus tionscnaimh reachtacha i ndáil le dlí agus beartas an athraithe aeráide. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann an obair ar aghaidh go tapa agus go héifeachtach ar na comhaid seo, agus díreofar ar phríomhchuspóirí tráthúla a bhaint amach. Is iad ár bpríomhthosaíochtaí dul chun cinn athbhreithniú Threoir ETS1, athbhreithniú CBAM, agus comhaontú agus críochnú coimircí neartaithe ETS1 agus ETS2.

Tosóidh an Uachtaránacht freisin ar phlé ar phacáiste cur chun feidhme sprioc laghdaithe astaíochtaí uile-AE 2040 níos déanaí i mbliana.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann comhtháthú níos doimhne ar bheartais bhithéagsúlachta, aeráide agus uisce chun cinn chun sochair tras-earnálacha a mhéadú agus athléimneacht an AE a neartú. Éilíonn oiriúnú éifeachtach cur chuige uile-AE, agus cuirfidh an Uachtaránacht an obair air seo ar aghaidh, lena n-áirítear an Creat Comhtháite Eorpach um Athléimneacht Aeráide agus Bainistíocht Riosca atá beartaithe.

Maidir leis an uaillmhian seo, oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun athléimneacht uisce úr a neartú ar fud an AE, ag tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Athléimneachta Uisce na hEorpa. Beidh príomhréimsí fócais ar chur chun cinn thrí phríomhchuspóir na straitéise, maidir le hathbhunú agus cosaint thimthriall nádúrtha an uisce, geilleagar cliste uisce a thógáil, agus slándáil an tsoláthair.

## Ár dTimpeallacht a Chosaint agus a Fheabhsú agus an Geilleagar Ciorclach, Tíosach ar Acmhainní, a Fheabhsú

Trí bhithéagsúlacht agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú, is féidir leis an Aontas a ról a ghlacadh i maolú bhagairt an athraithe aeráide agus folláine an AE agus a shaoránach amach anseo a chosaint. Cinnteoidh sé freisin go n-úsáidfear agus go bhforbrófar acmhainní nádúrtha ar bhealach atá freagrach, táirgiúil agus inbhuanaithe don ghlúin reatha agus do na glúine atá le teacht.

Tógfaidh an Gníomh um Gheilleagar Ciorclach ar an dara Plean Gníomhaíochta um Gheilleagar Ciorclach, ag neartú agus ag leathnú bearta chun luasghéarú a dhéanamh ar aistriú na hEorpa chuig geilleagar atá tíosach ar acmhainní, íseal ar dhramhaíl agus neodrach ó thaobh na aeráide de. Tá Uachtaránacht na hÉireann tiomanta don aistriú seo a luasghéarú i dtreo beartais éifeachtacha agus pragmatacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, ar beartais iad atá riachtanach chun geilleagar ciorclach a bhaint amach, agus aithníonn sí scála an dúshláin seo.

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann freisin chun comhthuiscint a chothú i measc na mBallstát mar chuid de rannpháirtíocht an AE sna caibidlíochtaí maidir le hionstraim idirnáisiúnta faoi phlaisteach, d'fhonn tacú le hiarrachtaí chun glacadh le hionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun cinn.

Tá leas straitéiseach ag an AE i gcosaint ár n-aigéan, úsáid inbhuanaithe acmhainní mara a chumasú, agus sláinte na n-aigéan a fheabhsú ionas gur féidir leo leanúint de shochair ríthábhachtacha a sholáthar do dhaoine agus don phláinéid san fhadtéarma. Le linn Uachtaránacht na hÉireann, oibreoimid chun aidhmeanna an Chomhshocraithe Eorpach um an Aigéan a aistriú ina mbearta praiticiúla, lena n-áirítear pleanáil spásúil mhuirí a neartú, Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a fhorbairt agus athchóiriú an dúlra inár bhfarraigí agus inár n-aigéin.

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ina hóstach ar an gCruinniú Mullaigh Bithgheilleagair Dhomhanda i mí Dheireadh Fómhair 2026, rud a thabharfaidh deis chun dul chun cinn agus tionscnaimh Eorpacha a thaispeáint ar ardán domhanda, agus chun tacú le comhpháirtíocht idirnáisiúnta le haghaidh bithgheilleagar inbhuanaithe. Leagfaidh sé seo béim ar thábhacht mhéadaitheach an bhithgheilleagair agus an ról is féidir leis a imirt chun buntáiste iomaíoch a thabhairt don AE agus spleáchas ar thríú páirtithe a laghdú.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann a dícheall tacú le forbairt leanúnach creataí ard-ionracais chun tacú le hinfheistíocht phríobháideach i mbaint carbóin agus athchóiriú an dúlra.

Leanfaidh an Uachtaránacht freisin de thacaíocht a thabhairt do spriocanna na Straitéise Ceimiceán um Inbhuanaitheacht agus Phlean Gníomhaíochta Thionscal Ceimiceán na hEorpa a chinnteoidh go mbeidh tionscal ceimiceán an AE inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de amach anseo. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann freisin chun a chinntiú go mbeidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán feistithe chun a cúram a chomhlíonadh amach anseo.

Beidh an Chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta de Chreat Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Ceimiceáin ar siúl i mí na Samhna, ag tabhairt rialtas, tionscal, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus idir-rialtasacha le chéile. Beidh Uachtaránacht na hÉireann i gceannas ar chaibidlíocht an AE ag am ríthábhachtach don chomhaontú domhanda nua seo a bhfuil sé mar aidhm aige na bloic thógála riachtanacha a sholáthar do thodhchaí ina mbainfidh an cine daonna leas as ceimiceáin ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe, agus a dtionchair dhiúltacha á seachaint ag an am céanna.

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann freisin de bheith ag cur chun cinn na hoibre ar an bpacáiste Omnibus um Shimpliú Comhshaoil, a bhfuil sé mar aidhm aige rialacha maidir leis an ngeilleagar ciorclach, bainistíocht dramhaíola, astaíochtaí tionsclaíocha agus measúnuithe comhshaoil a shimpliú. I gcomhréir leis na gealltanais a leagadh amach sa Treochlár Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin, beidh sé mar aidhm againn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste seo faoi dheireadh 2026.

## Ár gcuspóirí aeráide agus comhshaoil a chur chun cinn trí cheannaireacht, rannpháirtíocht agus comhoibriú éifeachtach

Aithníonn Uachtaránacht na hÉireann go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach ó gach comhpháirtí domhanda más mian linn spriocanna Choinbhinsiúin Rio, Chomhaontú Pháras agus Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal a bhaint amach. In ainneoin na dtorthaí inláimhsithe a bhaineann leis na gealltanais seo, tá dúshláin leanúnacha roimh an iltaobhachas i gcónaí, agus leanann éiginnteacht gheopholaitiúil de bheith ina dúshlán i dtaobh dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann lena chinntiú go bhfanfaidh an AE ina cheannaire domhanda i bhfóraim agus i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, an comhshaol agus an t-uisce, agus béim á leagan ar phleanáil straitéiseach agus ar rannpháirtíocht bhreithnithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta i rith théarma na hUachtaránachta.

Cuirfidh an Uachtaránacht ceannaireacht láidir agus chomhordaithe ar fáil don AE ag caibidlíochtaí tábhachtacha aeráide agus comhshaoil na Náisiún Aontaithe. Áirítear leis seo, i measc nithe eile, Creat-Choinbhinsiún na NA maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) COP 31, Coinbhinsiún na NA maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) COP17, Coinbhinsiún na NA chun an Gaineamhlú a Chomhrac COP17, Prótacal Montréal na NA MOP38, Coinbhinsiún Aeir UNECE EB46, Creat Domhanda na NA maidir le Ceimiceáin IC1. Déanfar ullmhúcháin freisin don Chomhaontú maidir le Bithéagsúlacht Mhuirí Limistéar lasmuigh de Dhlínse Náisiúnta COP1.

Mar ullmhúchán do UNFCCC COP31, stiúrfaidh Uachtaránacht na hÉireann forbairt Chonclúidí Chomhairle COP31 na Comhairle Comhshaoil, ina leagfar amach sainordú caibidlíochta an AE don COP. I dtimpeallacht chaibidlíochta atá ag éirí níos casta, déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann a dícheall a chinntiú go mbeidh an AE ina cheannaire uaillmhianach, pragmatach agus cuiditheach ar ghníomhaíocht aeráide ag COP31. Tugann an chomhdháil deis uathúil don AE agus dá Bhallstáit leanúint de bheith ag socrú an tagarmhairc dhomhanda maidir le sláine aeráide, uaillmhian fhadtéarmach agus comhtháthú beartais ar fud chlár oibre an dícharbónaithe. Beidh sé mar phríomhfhócas ag Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn a chinntiú maidir le maolú agus cuspóirí lárnacha an AE á gcomhlíonadh maidir le cearta an duine, comhionannas inscne, agus cearta Daoine Dúchasacha a chosaint i ngníomhaíocht aeráide domhanda.

Chomh maith leis sin, roimh COP17 CBD na NA, stiúrfaidh Uachtaránacht na hÉireann ullmhú Chonclúidí na Comhairle ina leagfar amach sainordú caibidlíochta an AE chun seasamh láidir, comhtháite agus dearfach don dúlra a chinntiú ag na cruinnithe i mí Dheireadh Fómhair. Beidh Athbhreithniú Domhanda ar Chur i bhFeidhm Chreat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal san áireamh i COP17

na NA agus is cloch mhíle thábhachtach é chun luasghéarú a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm agus ar an uaillmhian leanúnach chun stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta roimh 2030.

Chun an bhearna airgeadais bithéagsúlachta a líonadh, beidh príomhfhócas Uachtaránacht na hÉireann ar an díospóireacht ar chreidmheasanna bithéagsúlachta a mhúnlú, prionsabail a fhorbairt a bhaineann le sláine éiceolaíoch, breisiúlacht, coimircí sóisialta, agus buanacht chun cosc a chur ar an nglas-snasú.

Stiúrfaidh Uachtaránacht na hÉireann ullmhúcháin do Chonclúidí na Comhairle roimh Chomhdháil Uisce na NA freisin. Beidh sé mar aidhm ag an gcomhdháil cur leis an obair le deich mbliana anuas maidir le cur i bhfeidhm Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 maidir le hUisce Glan agus Sláintíocht agus féachfaidh sí le luasghéarú torthaí inláimhsithe le linn na mblianta atá fágtha de chlár oibre 2030.

Áiritheoidh an Uachtaránacht freisin go mbeidh forbairt inbhuanaithe ina cuspóir tosaíochta do bheartais inmheánacha agus seachtracha an AE, ag aithint go bhfuil breithniú ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus rialachais lárnach do shlándáil agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh agus folláine an AE agus na saoránach á gcosaint feasta.

# Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir Agus Spóirt

**Trí obair na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar ról an oideachais agus na hoiliúna ar feadh na saolré chun luachanna an Aontais a chosaint agus iomaíochas na hEorpa a fheabhsú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar scileanna agus inniúlachtaí don ré IS. I mbeartas na hóige, díreoimid ar théamaí na faisnéise agus an idirphlé chuidithigh. Cuirfimid béim ar luach intreach ár gcultúir agus ár n-oidhreachta spóirt, agus a gcion bunriachtanach do shochaí na hEorpa, ag tabhairt chun cinn obair ar infheistíocht AE i dtionscnaimh chultúrtha agus ar phlean oibre an Aontais don chultúr feasta. Díreofar go háirithe ar bhearta chun sábháilteacht leanaí ar líne a neartú, agus cinnteoimid go gcloisfear guthanna leanaí agus bearta sábháilteachta ar líne á bhforbairt.**

## OIDEACHAS

I gcomhthéacs an athraithe thapa shochaíoch agus teicneolaíoch, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar an ról lárnach atá ag an oideachas agus an oiliúint ar feadh na saolré chun ár dtéamaí tosaíochta a bhaint amach maidir le luachanna an AE a chosaint agus iomaíochas gheilleagar an AE a fheabhsú. Díreoidh sí ar thacú le foghlaimeoirí a bheith soghluaiste agus rannpháirteach, agus chun an t-eolas, an comhoibriú, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastóidh uathu a fhorbairt chun glacadh le hathrú ar mhaithe le hAontas níos athléimní, níos cuimsithí agus níos rathúla.

Beidh Uachtaránacht na hÉireann réidh chun an chéad chéim eile de na caibidlíochtaí ar Rialachán Erasmus+ a chur chun cinn thar ceann na Comhairle agus déanfaidh sí a dícheall a chinntiú go leanfaidh an clár de shoghluaisteacht agus comhpháirtíocht chuimsitheach, ardchaighdeáin a chothú, le fócas láidir ar rannpháirtíocht a leathnú do fhoghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Molfaimid Conclúidí na Comhairle maidir le hoideachas ETIM chun foghlaim fheabhsaithe ETIM a chur chun cinn i ngach leibhéal agus cineál oideachais agus oiliúna, agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Molfaimid Conclúidí na Comhairle freisin maidir le scileanna agus inniúlachtaí do ré na IS, chun foghlaim

ardchaighdeáin, sholúbtha a chur chun cinn a thacóidh le hoideoirí agus a éascóidh cuimsiú gach foghlaimeora san AE.

Pléifimid bacainní ar chuimsiú, coinneáil agus rannpháirtíocht san oideachas, ag cur béim ar ról luachmhar an taighde agus guth na mac léinn, agus an ról lárnach atá ag oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shóisialta agus chun tacú le luathfhoghlaim agus folláine leanaí.

Léireoimid dea-chleachtas i mbeartas agus i gcleachtas agus éascóimid idirphlé ar fhorbairtí beartais a bhfuiltear ag súil leo san oideachas, san oiliúint agus sa nuáil, lena n-áirítear pacáiste dírithe ar scileanna bunúsacha, dul chun cinn i neartú scileanna digiteacha, agus treo an oideachais agus na hoiliúna gairmoideachais feasta.

## AN ÓIGE

I réimse na hóige, beidh Uachtaránacht na hÉireann i gceannas ar an 12ú timthriall den Idirphlé Óige san AE a dhíreoidh ar Sprioc 4 na hÓige: Faisnéis agus Idirphlé Dearfach. Beidh an Uachtaránacht ina hóstach ar Chomhdháil Óige an AE ar an téama seo. Cuirfidh Comhdháil Óige an AE deis ar fáil do thoscairí cur le Spriocanna Óige an AE i gcéad Straitéis Óige eile an AE.

Molfaidh an Uachtaránacht dhá shraith de Chonclúidí ón gComhairle, ceann amháin ar théama na Faisnéise agus an Idirphlé Dhearfaigh, agus an dara ceann ar spásanna sábháilte a chur chun cinn do dhaoine óga san Eoraip.

## CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS NA MEÁIN

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn ar an obair ar Rialachán AgoraEU mar chuid den CAI, Creat Dlíthiúil Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, agus Creat Dlíthiúil Lipéad Oidhreachta na hEorpa. Lorgóidh an Uachtaránacht comhaontú ag an gComhairle freisin maidir leis an gcéad Phlean Oibre AE eile don Chultúr, toisc go dtiocfaidh deireadh leis an bplean oibre reatha an 31 Nollaig 2026. Beidh tionchar ag Compás Cultúir don AE nua an Choimisiúin ar an bPlean Oibre don Chultúr.

Beidh sábháilteacht ar líne, go háirithe do leanaí, ina tosaíocht lárnach d'Uachtaránacht na hÉireann. I réimse na meán, oibreoidh an Uachtaránacht i dtreo sábháilteacht ar líne a neartú do leanaí, lena n-áirítear abhcóideacht a dhéanamh chun teacht ar chinneadh ar leibhéal an AE maidir leis an lán-aois dhigiteach. Mar chuid de sin, leagfaimid béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le sásraí láidre fíoraithe aoise a chosnaíonn an phríobháideacht a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh. Áireofar leis an bhfócas seo ar shábháilteacht ar líne plé beartais ar leibhéal an AE. Áireofar leis freisin Fóram Óige a thionól chun éisteacht go díreach le tuairimí leanaí agus daoine óga maidir lena dtaithí ar líne, agus Comhdháil Uachtaránachta ardleibhéil ar Shábháilteacht Ar Líne, a thabharfaidh lucht déanta beartas, an tionscal, an lucht acadúil, ionadaithe neamhrialtasacha agus leanaí agus daoine óga le chéile chun ábhair thábhachtacha agus saincheisteanna tráthúla a bhaineann le sábháilteacht ar líne a phlé. Beidh Uachtaránacht na hÉireann

réidh freisin chun tús a chur le caibidlíocht ar aon togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir um Sheirbhísí Closamhairc agus Meán (AVMSD), a fhéadfaidh an Coimisiún a fhoilsiú leis an meastóireacht reachtúil ar an AVMSD.

## SPÓRT

I réimse an spóirt, ceiliúrfaidh Uachtaránacht na hÉireann spóirt agus cluichí traidisiúnta na hEorpa, ag cur béim ar thábhacht ár n-oidhreachta spóirt mar fheithicil chun pobail oscailte, athléimneacha a thógáil agus a chothabháil. Molfaidh an Uachtaránacht Conclúidí don Chomhairle maidir le spóirt agus cluichí traidisiúnta.

# Nótaí

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

**ÉIRE**2026**.EU**
**IRELAND**2026**.EU**

**Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2026**
Irish Presidency of the Council of the European Union 2026